



AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE



CEANGLAIS MAIDIR LE TUAIRISCEÁN BLIANTÚIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS LENA N-ÁIRÍTEAR DÍOLÚINE Ó INIÚCHADH

BILEOG FAISNÉISE. 23 / Aibreán 2019

CONTENTS

1. Tuairisceán Bliantúil

- 1.1 Cad is tuairisceán bliantúil ann?
- 1.2 Cá bhfuil an fhoirm B1 le fáil?
- 1.3 Cad is ARD (Dáta Tuairisceáin Bhliantúil) ann?
- 1.4 Cad é an spriocdháta do sheachadadh tuairisceáin bhliantúil ar an CRO?
- 1.5 Cad a tharlaíonn más ar lá nach lá oibre é a thiteann an spriocdháta maidir le tuairisceán bliantúil a chomhdú?
- 1.6 Cad é an “riail naoi mí”?
- 1.7 Conas a athraíonn cuideachta an ARD atá aici?
 - 1.7.1 Síneadh suas le sé mhí a chur le ARD
 - 1.7.2 ARD a bhogadh go dtí dáta níos luaithe
 - 1.7.3 Conas am breise a fháil chun tuairisceán bliantúil a chomhdú gan an ARD a athrú (An Chúirt Dúiche)
- 1.8 Cad a tharlaíonn má dhéantar comhdú déanach ar thuairisceán bliantúil?
- 1.9 Cad a tharlaíonn má chinntear go bhfuil tuairisceán bliantúil neamhchomhlíontach?
- 1.10 Cad iad na bearta forfheidhmiúcháin a ghlacann an CRO i gcás ina bhfuil tuairisceán bliantúil thar téarma?

2. Tuairisceán Bliantúil a Chomhdú go Leictreonach

- 2.1 B1 a chomhdú go leictreonach ar CORE
- 2.2 B1 a chomhdú go leictreonach trí Phacáiste Bogearraí Rúnaíochta
- 2.3 Ráitis Airgeadais a chomhdú go leictreonach
- 2.4 An Fhoirm r-B1 a shíniú agus tuairisceán bliantúil lánleictreonach a chomhdú leis an CRO
- 2.5 Gníomhaire Ríomhchomhdaithe Filing a B1 electronically on CORE

3. Ráitis Airgeadais

- 3.1 Cén tréimhse ba cheart go bhfolófaí sna Ráitis Airgeadais?
- 3.2 Cén leagan amach is féidir leis an gCuideachta a úsáid le haghaidh a cuid Ráiteas Airgeadais?
- 3.3 Conas a athraíonn cuideachta a deireadh Bliana Airgeadais?
- 3.4 Cad iad na doiciméid airgeadais nach mór do mo chuideachta a chomhdú leis an CRO?
 - 3.4.1 Tuarascáil na Stiúrtóirí
 - 3.4.2 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
- 3.5 Díolúintí atá ar fáil i ndáil le Ráitis Airgeadais
 - 3.5.1 Micrea cuideachtaí
 - 3.5.2 Cuideachtaí Beaga
 - 3.5.3 Cuideachta Dhíomhaoin
 - 3.5.4 Cuideachtaí Meánmhéide
 - 3.5.5 Díolúine ó Ráitis Airgeadais a Chomhdú
- 3.6 Ceanglais shonracha ar Chineálacha éagsúla cuideachta
 - 3.6.1 Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta (CTRanna) agus Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe (CGAanna)
 - 3.6.2 Ceanglais ar Chuideachtaí Neamhtheoranta (CNT)
 - 3.6.3 Cuideachtaí Príobháideacha Neamhtheoranta (CNT)
 - 3.6.4 Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta (CPN) nó Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta gan scairchaipiteal (CPNT)
- 3.7 Cén bhliain airgeadais ar féidir Ráitis Airgeadais a chomhdú ina leith faoi Acht na gCuideachtaí 2014?
- 3.8 Deimhniú na Ráiteas Airgeadais

4. Díolúine ó Iniúchadh – Faisnéis Bhreise

- 4.1 Cén fáth a bhfuil díolúine ó iniúchadh ar fáil do chuideachtaí áirithe?
- 4.2 An bhfuil gach cineál cuideachta incháilithe don díolúine ó iniúchadh/díolúine do chuideachta dhíomhaoin?
- 4.3 Cad nach mór don chuideachta a dhéanamh roimh dhíolúine ó iniúchadh a éileamh?
- 4.4 An féidir le mo chuideachta leas a bhaint as an díolúine i leith bliain airgeadais roimhe seo?
- 4.5 Cailliúint na díolúine ó iniúchadh má bhíonn cuideachta déanach agus a tuairisceán bliantúil á chomhdú aici?
- 4.6 Cad a tharlaíonn má scoireann cuideachta de chloí leis na coinníollacha cáiliúcháin le linn na bliana airgeadais?

5. Tuarascáil na nIniúcháirí

- 5.1 Cad is iniúchadh ann?
- 5.2 An bhfuil ar mo chuideachta Tuarascáil Iniúcháirí a chomhdú?
- 5.3 Cad nach mór a shonrú i dTuarascáil na nIniúcháirí?
- 5.4 An chóip de thuarascáil na nIniúcháirí Reachtúla arna comhdú leis an CRO a shíniú
- 5.5 Tuarascáil Iniúcháirí i gcás ina bhfuil na Ráitis Airgeadais giorraithe

- 5.6 Foirceannadh Iniúchóra
- 5.7 Iniúchóir d'éirí as
- 5.8 An ceanglas Iniúchóir a bheith cláraithe

6. Deimhniú an B1 agus na Ráiteas Airgeadais

- 6.1 Ceadú agus Síniú Thuarascáil na Stiúrthóirí

7. Athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais agus/nó ar Thuarascáil na Stiúrthóirí

- 7.1 Athbhreithniú ar Thuarascáil na Stiúrthóirí trí Nóta Forlíontach
- 7.2 Athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais le Nóta Forlíontach
- 7.3 Athbhreithniú ar Thuarascáil na Stiúrthóirí le ceann ionaid
- 7.4 Athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais le cinn ionaid
- 7.5 Tuarascáil Iniúchóirí Reachtúla ar na Ráitis Airgeadais athbhreithnithe agus an tuarascáil athbhreithnithe (alt 370, Acht na gCuideachtaí 2014)
- 7.6 Cailliúint Díolúine ó Iniúchadh mar thoradh ar athbhreithniú
- 7.7 An Chéad Bhliain Eile – ní mór go ndéanfaí tagairt don athbhreithniú sna chéad Ráitis Airgeadais eile a chomhdófar

8. Grúpchuideachtaí

- 8.1 Díolúine ó chomhdhlúthú: méid an ghrúpa
- 8.2 Díolúine ó chomhdhlúthú
- 8.3 Díolúine ó Iniúchadh do Ghrúpchuideachtaí Beaga (alt 359, Acht na gCuideachtaí 2014)
- 8.4 An cás ina seirbheálfar fógra faoi alt 334 maidir le Grúpa Beag
- 8.5 Ráiteas um Dhíolúine ó Iniúchadh i leith Grúpchuideachta

9. Tuilleadh Ceistanna

10. Aguisíní

- Aguisín 1 – Ráitis Airgeadais Ghorraithe Shamplacha do Chuideachta Bheag atá Díolmhaithe ó Iniúchadh (seachas Grúpa)
- Aguisín 2 – Ráitis Airgeadais Ghorraithe Shamplacha do Michreachuideachta atá Díolmhaithe ó Iniúchadh
- Aguisín 3 – Tuarascáil na Stiúrthóirí
- Aguisín 4 – Ráiteas Comhlíontachta le cur san áireamh i dTuarascáil na Stiúrthóirí (alt 225(2) Acht na gCuideachtaí 2014)
- Aguisín 5 – Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Agus Díolúintí atá Ceadaithe do Chuideachtaí a bhfuil Ráitis Airgeadais Giorraithe á gcomhdú acu
- Aguisín 6 – Codanna Agus Ailt d'Acht na gCuideachtaí 2014 a Bhaineann le Tuairisceáin Bhliantúla.
- Aguisín 7 – Cionta Catagóire agus Smachtbhannaí
- Aguisín 8 – Cuideachtaí nach bhfuil i dTeideal Leas a bhaint as Díolúine ó Iniúchadh (an Cúigiú Sceideal)

Séanadh:

Tá an bhileog seo ar fáil mar threoir faisnéise amháin agus níl sé i gceist í a bheith cuimsitheach; dá bhrí sin tá go leor sonraí fágtha ar lár a d'fhéadfadh a bheith ábhartha i gcúinsí áirithe. Cé go bhfuil gach iarracht déanta agus an t-ábhar á ullmhú lena fhoilsiú, ní ghlactar le haon fhreagracht ag an stát nó thar a cheann as aon earráidí, easnaimh nó ráitis mhíthreoracha. Dá réir sin, níor chóir a mheas gur foinse iomlán maidir le dlí na gcuideachtaí ná foinse iomlán faisnéise í an bhileog seo. Moltar go láidir go ndéanfaí comhairle neamhspleách a lorg.

Nóta tábhachtach:

Ní mór do stiúrthóirí cuideachta iad féin a chur ar an eolas faoi na hoibleagáidí atá ar an gcuideachta chun taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil (alt 281 go dtí alt 286, Acht na gCuideachtaí 2014). Más rud é nach sa leagan amach ceart atá na Ráitis Airgeadais arna seachadadh ar an CRO lena gcomhdú, agus/nó nach bhfuil an fhaisnéis iontu a cheanglaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, d'fhéadfadh sé nach nglacfadh an CRO leis an tuairisceán bliantúil, ach go seolfadh sé ar ais chuig an láithreoir é chun an t-easnamh a chur ina cheart laistigh de 14 lá.

Más rud é nach ndéantar na Ráitis Airgeadais a chomhlánú i gceart agus a chomhdú in am, beidh an cuideachta agus gach oifigeach don cuideachta a rinne mainneachtain ciontach i gcion chatagóir 3. Tá aon duine a dhéanfaidh go toiliúil ráiteas a bheidh bréagach in aon phonc ábhartha sna Ráitis Airgeadais ciontach i gcion chatagóir 2. (Féach Aguisín 8 le haghaidh faisnéise ar chionta catagóire).

1. Tuairisceán Bliantúil

1.1 Cad is tuairisceán bliantúil ann?

In alt 342 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ceanglaítear ar chuideachta tuairisceán bliantúil a chomhdú leis an CRO gach bliain. Tá tuairisceán bliantúil comhdhéanta d'Fhoirm B1 agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014 a bheith i gceangal leis an B1. I gcás fhorhóir na gcuideachtaí, is iad sin na Ráitis Airgeadais.

Ní mór don chuideachta na réimsí faisnéise ar an bhfoirm B1 a chomhlánú d'fhonn pictiúr bliantúil den chuideachta ar dháta an tuairisceáin bhliantúil a thabhairt don phobal. Ionas go mbeidh comhdú tuairisceáin bhliantúil curtha i gcrích ina iomláine, ní mór don chuideachta na Ráitis Airgeadais nó doiciméid eile a cheanglaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014 a cheangal leis an bhfoirm B1, mar aon leis an táille comhdaithe

Tá an chéad tuairisceán bliantúil dlite díreach 6 mhí tar éis corprú, agus ní gá Ráitis Airgeadais a bheith ceangailte leis an gcéad fhoirm B1 sin. Ní mór do chuideachta tuairisceán bliantúil a chomhdú gach bliain ina dhiaidh sin.

1.2 Cá bhfuil an fhoirm B1 le fáil?

Is féidir an B1 a chomhdú go leictreonach ar CORE, an córas comhdaithe ar líne atá ag CRO ag <https://core.cro.ie>, nó trí phacáiste bogearraí rúnaíochta a bhíonn in úsáid de ghnáth ag gníomhairí comhdaithe gairmiúla.

1.3 Cad is ARD (Dáta Tuairisceáin Bhliantúil) ann?

Bíonn Dáta Tuairisceáin Bhliantúil (ARD) reachtúil ag cuideachtaí. Is é sin an dáta is déanaí sa bhliain gur féidir an tuairisceán bliantúil a ullmhú cothrom leis. Is é an ARD in aon bhliain cothrom lae an ARD sa bhliain roimhe seo mura n-athraíonn an chuideachta é de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Nuair a dhéantar cuideachta a chorprú, tugtar dáta di atá díreach 6 mhí ina dhiaidh sin ar a gcaithfidh sí an chéad tuairisceán bliantúil uathí a chomhdú. Ní gá ach Foirm B1 a chomhdú don chéad tuairisceán (6 mí) – níl Ráitis Airgeadais ar bith ag teastáil. Chomh luath agus a chomhdóidh an chuideachta an chéad tuairisceán (6 mhí) uathí, bogfar an ARD ar aghaidh bliana agus is é sin an chéad dáta eile ar a gcaithfidh sí tuairisceán bliantúil a chomhdú. Is iondúil go mbíonn an dáta sin ocht mí dhéag tar éis an dáta corpraithe agus is é a bhíonn mar ARD ag an gcuideachta.

1.4 Cad é an spriocdháta do sheachadadh tuairisceáin bhliantúil ar an CRO?

Ní mór an tuairisceán bliantúil a chomhdú go leictreonach, tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis ARD na cuideachta. A luaithe a chomhdaítear foirm B1, beidh 28 lá ag an gcuideachta chun a ráitis airgeadais a uaslódáil. Mar sin féin, ní mór na ráitis airgeadais a uaslódáil sula seachadfar an leathanach sínithe chuig CRO.

Is féidir le cuideachta a tuairisceán bliantúil a chomhdú go luath ach an tuairisceán a ullmhú cothrom le dáta níos luaithe agus tic a chur sa bhosca ar an bhfoirm B1 chun an ARD atá aici cheana féin a choinneáil. Má tá an chuideachta ag ullmhú an tuairisceáin cothrom le dáta níos luaithe, ní mór an tuairisceán a chomhdú laistigh de 28 lá ón dáta níos luaithe sin. Ní féidir an chéad tuairisceán (6 mhí) a chomhdú go luath agus ní mór é a ullmhú cothrom leis an ARD.

1.5 Cad a tharlaíonn más ar lá nach lá oibre é a thiteann an spriocdháta maidir le tuairisceán bliantúil a chomhdú?

Foráiltear in Acht na gCuideachtaí 2014, sa chás gur ar an Satharn, an Domhnach nó ar lá saoire poiblí a rachaidh an t-am atá teoranta le haon fhoráil den Acht in éag, go ndéanfar an t-am atá teoranta amhlaidh a shíneadh go dtí an chéad lá ina dhiaidh sin nach Satharn, Domhnach ná lá saoire poiblí é, agus go bhféadfar an rud a dhéanamh ar an lá sin. Dá bhrí sin, má thiteann spriocdháta comhdaithe ar lá nach lá oibre é, bogtar an spriocdháta ar aghaidh go dtí an chéad lá oibre eile.

1.6 Cad é an “riail naoi mí”?

Seachas i gcás an chéad tuairisceáin (6 mhí) uaithi, ní mór do chuideachta Ráitis Airgeadais a chur i gceangal le gach tuairisceán bliantúil. Ní féidir leis an deireadh bliana airgeadais i gcás na Ráiteas Airgeadais sin a bheith níos mó ná naoi mí roimh an dáta a bhfuil an B1 ullmhaithe cothrom leis.

1.7 Conas a athraíonn cuideachta an ARD atá aici?

Ní féidir leis an gcuideachta dáta an chéad tuairisceáin bhliantúil uaithi (6 mhí tar éis a corpraithe) a athrú. Tar éis dháta an chéad tuairisceáin (6 mhí), is féidir le cuideachta an chéad ARD eile a bhogadh go dtí dáta níos déanaí, nó go dtí dáta níos luaithe.

1.7.1 Síneadh suas le sé mhí a chur le ARD

Is féidir le cuideachta ARD a bheith aici nach bhfuil naoi mí ó dháta dheireadh na bliana airgeadais agus d'fhéadfadh sé gur mian léi an ARD a chur ar aghaidh nó a chur siar chun leas a bhaint as an mbearna iomlán naoi mí atá ceadaithe de réir dlí.

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, féadfaidh cuideachta suas le sé mhí a chur lena ARD ach Foirm B73 a chomhdú leis an CRO:

- Féadfar an Fhoirm B73 a chomhdú uair amháin ar a mhéid gach cúig bliana.
- Ní mór an Fhoirm B73 a chomhdú in éineacht le Foirm B1 atá IN AM.
- Ní gá aon Ráitis Airgeadais a chomhdú leis an B1 sin.
- Níor cheart go bhféadadh an t-athrú ar an Dáta Tuairisceáin Bhliantúil (ARD) ag éirí as Foirm B73 a chomhdú go mbeidh tréimhse níos mó ná naoi mí idir deireadh na bliana airgeadais roimhe sin agus an ARD.
- Ní féidir Foirm B73 a chomhdú leis an gcéad tuairisceán bliantúil de chuid na cuideachta tar éis a corpraithe (an tuairisceán sé mhí), toisc go ngiorrófaí an t-am atá ar fáil chun an chéad tuairisceán bliantúil iomlán le Ráitis Airgeadais a chomhdú.

Tar éis di foirm B73 a chomhdú leis an CRO, ba chóir don chuideachta a sheiceáil go bhfuil an fhoirm cláraithe agus gur athraíodh an ARD. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfadh nach gcomhlíonadh an chuideachta a spriocdháta comhdaithe, agus bheadh pionóis um chomhdú déanach agus cailleanas na díolúine ó iniúchadh ina dtoradh air sin.

1.7.2 An ARD a bhogadh go dtí dáta níos luaithe:

Chun ARD a bhogadh go dtí dáta níos luaithe, is féidir leis an gcuideachta an dáta atá uaithi a líonadh isteach ar an bhfoirm B1 ag “Tuairisceán á dhéanamh go dtí” agus tic a chur sa bhosca ar an B1 chun a ARD AATHRÚ go dtí an dáta céanna don chéad bhliain eile (alt 346, Acht na gCuideachtaí 2014).

Nuair a bheidh an fhoirm faighte ag an CRO, féadfar ARD na cuideachta a athrú don bhliain dár gcionn ón ARD atá ar an taifead faoi láthair go dtí an dáta “Tuairisceán á dhéanamh go dtí” ar an B1. Ní mór foirm B1 atá ullmhaithe cothrom le dáta níos luaithe ná a ARD a chomhdú tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis an dáta “Tuairisceán déanta suas go dtí” ar an B1 ionas go mbeidh sí in am. Tá Ráitis Airgeadais ag teastáil leis an B1 atá ullmhaithe cothrom le dáta níos luaithe.

1.7.3 Conas am breise a fháil chun tuairisceán bliantúil a chomhdú gan an ARD a athrú

Má tá am breise de dhíth ar chuideachta chun a tuairisceán bliantúil a chomhdú, féadfaidh an chuideachta iarratas ar shíneadh ama i ndáil leis an gcomhdú a dhéanamh (ar fhógra chuig an CRO) chun na Cúirte Dúiche sa dúiche ina bhfuil oifig chláraithe na cuideachta lonnaithe, nó chun na hArd-Chúirte (alt 343, Acht na gCuideachtaí 2014).

I gcás ina bhfuil sé deonaithe faoi Ordú Cúirte, féadfaidh an chuideachta leas a bhaint as am breise i

leith an chomhdaithe agus ní bheadh feidhm ag aon pionóis um chomhdú déanach nó ag cailteanas na díolúine ó iniúchadh sa bhliain nó sna blianta lena mbaineann an tOrdú Cúirte, chomh fada agus a gcomhlíonfar téarmaí an Ordaithe. Ní mór an tOrdú Cúirte a sheachadadh ar an CRO laistigh de 28 lá nó cibé tréimhse is faide ná sin a cheadóidh an Chúirt.

Ní féidir ach Ordú Cúirte amháin a lorg i leith gach tuairisceáin bliantúil.

1.8 Cad a tharlaíonn má dhéantar comhdú déanach ar thuairisceán bliantúil?

Ní mór tuairisceán bliantúil a chomhdú go leictreonach, tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis an dáta “Tuairisceán á dhéanamh go dtí” ar an B1. I gcás ina gcomhdaíonn an chuideachta an B1 go leictreonach (r-B1), faigheann sí 28 lá breise ón dáta ar a gcuirfear isteach an r-B1 chun an B1 agus na Ráitis Airgeadais a sheachadadh ar an CRO. Ní fhágann sé sin go bhfuil 56 lá san iomlán óna ARD ag cuideachta a bhfuil foirm r-B1 á comhdú aici, toisc go gcinntear an dara tréimhse 28 lá de réir an dáta a chuirfear an r-B1 isteach go leictreonach.

Má mhainnítear tuairisceán bliantúil a chomhdú in am, déanfar pionóis um chomhdú déanach a fhorchur láithreach agus caillfear an díolúine ó iniúchadh:

Pionóis um Chomhdú Déanach:

Bíonn pionós €100 um chomhdú déanach dlite i leith tuairisceán bliantúil an lá tar éis dheireadh an spriocdháta comhdaithe, atá 28 lá tar éis an dáta “Tuairisceán á dhéanamh go dtí” ar an bhfoirm B1, agus cuirtear pionós €3 in aghaidh an lae leis ina dhiaidh sin, suas go dtí uasphionós €1,200 in aghaidh an tuairisceáin. Tá an pionós sin de bhreis ar an táille comhdaithe chaighdeánach €20 le haghaidh B1 leictreonach.

Cailliúint na teidlíochta chun Díolúine ó Iniúchadh a éileamh

Más rud é nach gcomhdófar tuairisceán bliantúil cuideachta in am, ní féidir leis an gcuideachta leas a bhaint as an díolúine ó iniúchadh sa bhliain reatha nó sa bhliain ina dhiaidh sin agus ní mór di Ráitis Airgeadais **iniúchta** a chomhdú sa dá bhliain.

1.9 Cad a tharlaíonn má chinntear go bhfuil botúin i mo thuairisceán bliantúil? (“Fógra faoi Alt 898”)

Foráiltear in alt 898 d’Acht na gCuideachtaí 2014 go bhféadfaidh an Clárartheoir, nuair a fhaigheann sé doiciméad neamhchomhlíontach, Fógra a sheirbheáil ar an duine a sheachaid an doiciméad á rá cén slí ina bhfuil an doiciméad neamhchomhlíontach. Sa chás ina seachadfar doiciméad lánchomhlíontach ar an CRO laistigh de 14 lá ón bhfógra, measfar go mbeidh sé faighte ag an CRO ar dháta seachadta an doiciméid bhunaidh neamhchomhlíontaigh.

Más amhlaidh nach mbeidh doiciméad láncheart faighte ag an CRO laistigh de 14 lá, measfar nach mbeidh an doiciméad bunaidh seachadta ar an gClárartheoir. Is dócha go mbeidh sé ina thoradh air sin go mbeidh an doiciméad a cuireadh isteach arís déanach, agus go bhforchuirfear pionóis um chomhdú déanach agus go gcaillfear an díolúine ó iniúchadh dá bharr sin.

1.10 Cad iad na bearta forfheidhmiúcháin a ghlacann an CRO i gcás ina bhfuil tuairisceán bliantúil thar téarma?

Chomh maith le pionóis um chomhdú déanach agus cailteanas na díolúine ó iniúchadh, má dhéantar comhdú déanach ar thuairisceán bliantúil bíonn tionchar aige sin ar theist na cuideachta um chomhlíonadh agus d’fhéadfadh sé go roghnódh an CRO í i gcomhair bearta forfheidhmiúcháin, amháin baint ainneonach den chlár nó ionchúiseamh:

Baint Ainneonach den Chlár

Má mhainníonn cuideachta a tuairisceán bliantúil a chomhdú i ndáil le haon bhliain amháin, féadfar í a bhaint den Chlár agus a dhíscaoileadh. I gcás ina bhfuil tuairisceán bliantúil dlite ó chuideachta, eisiúnn an CRO rabhadh reachtúil amháin chuig oifig chlárarthe na cuideachta. Tugtar “Baint Ainneonach den Chlár” air sin.

Má bhaintear cuideachta den chlár, déanfar sócmhainní na cuideachta a dhílsiú san Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus, má leanann an gnó ar aghaidh i mbun trádála, ní bheidh dliteanas teoranta ag na húinéirí a thuilleadh agus beidh siad freagrach ar bhonn pearsanta as aon fhiacha a thabhófar fad a bheidh an chuideachta díscailte.

Ordú Ard-Chúirte

Tá an chumhacht ag an gCláraitheoir, tar éis dheireadh na tréimhse 14 lá tar éis eisiúint fógra do chuideachta agus/nó a cuid stiúrthóirí, mura mbeidh an tuairisceán bliantúil nó na tuairisceáin bhliantúla atá dlíthe comhdaithe ag deireadh na tréimhse sin, chun iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú lena n-ordaítear don chuideachta agus dá cuid oifigeach an tuairisceán nó na tuairisceáin a chomhdú laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an chúirt agus a ordú go mbeidh costais an iarratais le híoc ag oifigigh na cuideachta.

Ionchúiseamh Stiúrthóirí

Má mhainníonn cuideachta a tuairisceán bliantúil a chomhdú i gcomhlíonadh an Achta, beidh an chuideachta agus a cuid oifigeach go léir a rinne mainneachtain faoi dhliteanas beart forfheidhmiúcháin toisc gur cion chatagóir 3 é sin.

Ina theannta sin, is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú lena ndícháileofar stiúrthóirí na cuideachta ó ghníomhú mar stiúrthóir, nó aon bhaint a bheith acu le bainistíocht aon chuideachta, mar aon le hordú maidir le costais dlí agus costais eile a thabhoídh an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus iarratas den sórt sin á thabhairt. Más mian le cuideachta agus a stiúrthóirí seachaint go ndéanfaí iad a mheas i dtaobh gníomh forfheidhmiúcháin, ba chóir a bheith cinnte tuairisceáin bhliantúla na cuideachta a sheachadadh ar an CRO i gceart agus in am.

2. Tuairisceán Bliantúil a Chomhdú go Leictreonach (A.344 CA 2014)

2.1 Comhdú B1 go leictreonach ar CORE – www.core.ie

Chun comhdú leictreonach a dhéanamh ar CORE ní mór duit clárú ar dtús mar úsáideoir nua. Nuair a bheidh tú cláraithe is féidir leat logáil isteach agus dul go dtí an nasc um fhoirm a chomhdú, do B1 a roghnú agus an fhoirm a chomhlánú. Tá naisc ar CORE chun cabhrú leat má bhíonn aon deacracht agat agus tú ag comhdú ar líne.

Beidh dhá bhealach ar fáil duit ansin chun Tuairisceán Bliantúil B1 a chomhdú agus a shíniú.

- Roghnaigh foirm B1 de do chuid agus comhlánaigh an fhoirm. Íoc an táille le cárta creidmheasa nó trí úsáid a bhaint as cuntas custaiméara le CRO. Síniú an fhoirm go digiteach ansin trí úsáid a bhaint as Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim. Beidh 28 lá agat ansin chun na ráitis airgeadais a uaslódáil.
- Roghnaigh foirm B1 de do chuid agus comhlánaigh an fhoirm. Íoc an táille le cárta creidmheasa nó trí úsáid a bhaint as cuntas custaiméara le CRO. Beidh 28 lá agat chun na ráitis airgeadais a uaslódáil go leictreonach agus chun an leathanach sínithe a phriontáil amach, a shíniú agus é a sheachadadh chuig CRO.

2.2 B1 a chomhdú go leictreonach trí Phacáiste Bogearraí Rúnaíochta

Chomh maith le comhdú leictreonach a dhéanamh ar CORE, is féidir le cuideachta doiciméid a chomhdú trí phacáiste bogearraí rúnaíochta (a bhíonn in úsáid de ghnáth ag gníomhairí comhdaithe gairmiúla). Ba chóir do ghníomhairí a bhaineann úsáid as pacáistí bogearraí teagmháil dhíreach a dhéanamh lena ndíoltóir bogearraí le haghaidh faisnéise maidir le saincheistanna teicniúla, uasghrádú na gcóras sin agus araile.

2.3 Ráitis Airgeadais a chomhdú go leictreonach

A luaithe a chomhdaítear foirm B1, beidh 28 lá ag an gcuideachta chun a ráitis airgeadais a uaslódáil. Mar sin féin, ní mór na ráitis airgeadais a uaslódáil sula seachadfar an leathanach sínithe chuig CRO. Na Ráitis Airgeadais arna gcur faoi bhráid an CRO, ní gá sínithe na Stiúrthóirí ná na nIniúcháirí a bheith orthu i lámhscríbhinn. Ina ionad sin, ní mór an méid seo a leanas a bheith ar Ráitis Airgeadais arna gcomhdú leis an CRO:

- ainm nó ainmneacha clóscríofa an Stiúrthóra nó na Stiúrthóirí a shínigh na Ráitis Airgeadais thar ceann an Bhoird Stiúrthóirí,
- ainm clóscríofa an Iniúcháir (más infheidhme), agus
- an dáta ar ar síníodh gach doiciméad.

2.4 An Fhoirm r-B1 a shíniú agus tuairisceán bliantúil lánleictreonach a chomhdú leis an CRO

Ní mór go mbeadh Foirm B1 sínithe ag Stiúrthóir agus Rúnaí de chuid na cuideachta (agus nach iad an duine céanna iad). Toisc go bhfuil an deimhniú maidir leis na Ráitis Airgeadais cuimsithe sa r-B1, nuair a shíneoidh tú an r-B1 beidh na Ráitis Airgeadais á ndeimhniú agat freisin (féach freisin mír 2.5 faoi Ghníomhairí Ríomhchomhdaithe).

Nuair a bheidh d'fhoirm r-B1 á comhdú agat ar líne, iarrfar ort a roghnú conas is mian leat an fhoirm a shíniú. Is féidir leat an rogha a dhéanamh gan an fhoirm r-B1 a shíniú go digiteach le ROS (Córas ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim) agus sa chás sin gheobhaidh tú leathanach sínithe ar cheart duit é a phriontáil, síniú Stiúrthóra nó Rúnaí a chur leis agus é a sheachadadh ar an CRO.

Ansin is féidir leat ceachtar den dá rud seo a dhéanamh –

- na Ráitis Airgeadais a uaslódáil mar cheangaltán PDF ar do Spás Oibre in CORE (agus ní gá duit cóipeanna crua de na Ráitis Airgeadais a sheoladh chuig an CRO)

Is féidir leat an rogha a dhéanamh freisin an fhoirm a shíniú go digiteach le síniú ROS (Córas ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim). Ansin is féidir leis an gcuideachta Ráitis Airgeadais PDF a uaslódáil (Spás Oibre in CORE). Is féidir tuilleadh sonraí faoi ROS a fháil ar CORE nó ar www.revenue.ie

Ní mór an íocaíochta a dhéanamh trí Chuntas Custaiméara CRO nó le Cárta Creidmheasa/Dochair.

2.5 Gníomhaire Ríomhchomhdaithe

Is féidir le Gníomhaire Ríomhchomhdaithe clárú leis an CRO ach Foirm J1a a chomhdú. Is féidir leis an gcuideachta an Gníomhaire Ríomhchomhdaithe a údarú ansin ach Foirm B77 a chomhdú.

Is féidir le Gníomhaire Ríomhchomhdaithe an fhoirm B1 a chomhdú agus an fhoirm a shíniú thar ceann cuideachta. Mar sin féin, nuair a shíneoidh an Gníomhaire Ríomhchomhdaithe B1 thar ceann cuideachta, ní féidir leis nó léi na Ráitis Airgeadais a dheimhniú. Sa chás sin, ní mór go síneodh Stiúrthóir agus Rúnaí de chuid na cuideachta Deimhniú Cuntais páipéir ar leithligh. Ní mór an bhileog a sheachadadh de lámh chuig CRO, in éineacht leis an 'leathanach paiste' iomchuí.

3. Ráitis Airgeadais

3.1 Cén tréimhse ba cheart go bhfolófaí sna Ráitis Airgeadais (Alt 288 d'Acht na gCuideachtaí 2014)?

I gcás na Ráitis Airgeadais atá ag gabháil leis an gcéad tuairisceán bliantúil ó chuideachta a gceanglaítear Ráitis Airgeadais a bheith leis, ní mór go bhfolófaí iontu an tréimhse ón dáta corpraithe agus níor cheart go mbeadh an tréimhse sin níos faide ná 18 mí. Tosaíonn gach bliain airgeadais ina dhiaidh sin ar an dáta tar éis na bliana airgeadais atá caite agus ba chóir dó a bheith ar feadh tréimhse 12 mhí nó laistigh de 7 lá ar an dá thaobh den tréimhse 12 mhí. Ní féidir le cuideachta Ráitis Airgeadais a chomhdú le tuairisceán bliantúil i gcás ina bhfuil deireadh na bliana airgeadais níos mó ná naoi mí roimh an dáta "Tuairisceán á dhéanamh go dtí" ar an B1. D'fhéadfadh go mbeadh ar an gcuideachta a tréimhse airgeadais nó a ARD a athrú chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh an cuideachta an ceanglas sin.

3.2 Cén leagan amach is féidir leis an gCuideachta a úsáid le haghaidh a cuid Ráiteas Airgeadais?

Is féidir le cuideachta a cuid Ráiteas Airgeadais a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) nó de réir Ráitis Airgeadais Acht na gCuideachtaí (RAAC) a ullmhaítear de réir Sceideal 3, 3a, 3b agus 4 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Má ullmhaíonn cuideachta a cuid Ráiteas Airgeadais mar Ráitis Airgeadais IFRS, ní mór di leanúint ar aghaidh ag baint úsáide as an leagan amach sin

3.3 Conas a athraíonn cuideachta a Deireadh Bliana Airgeadais?

Faoin alt 288 d'Acht na gCuideachtaí 2014, féadfaidh cuideachta, ach foirm B83 a chomhdú leis an gCláráitheoir, i gcás na bliana reatha nó na bliana roimhe sin, agus beidh an dáta nua sin ina dháta deiridh bliana airgeadais aici ina dhiaidh sin. Ní féidir iarratas den sórt sin a dhéanamh ach uair amháin gach cúig bliana mura bhfuil an cuideachta díolmhaithe faoi alt 288(10) d'Acht na

gCuideachtaí 2014.

3.4 Cad iad na doiciméid airgeadais nach mór do mo chuideachta a chomhdú leis an CRO?

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, ceanglaítear ar Stiúrthóirí cuideachtaí Ráitis Airgeadais iomlána a chur faoi bhráid a gcuid comhaltáí ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil (mura bhfuil an chuideachta díolmhaithe ó iniúchadh).

Is iad seo a leanas na doiciméid is gá a chomhdú leis an CRO (mura ndéantar díolúintí á éileamh):

- Na Ráitis Airgeadais (ina gcuimseofar Clár Comhardaithe, Cuntas Sochair agus Dochair agus Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Nótaí leis na Ráitis Airgeadais agus aon ráitis a cheanglaítear leis an gcreat airgeadais atá glactha);
- Tuarascáil Stiúrthóirí ar na Ráitis Airgeadais, agus
- Tuarascáil na nIniúcháirí ar na Ráitis Airgeadais.

3.4.1 Tuarascáil na Stiúrthóirí:

Faoi alt 325 go dtí alt 331 d'Acht na gCuideachtaí 2014 arn leasú le halt 41 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017, ceanglaítear go ndéanfaí faisnéis shonraithe áirithe a nochtadh i dTuarascáil na Stiúrthóirí le Ráitis Airgeadais reachtúla na cuideachta maidir le gach bliain airgeadais (féach Aguisín 2).

In alt 225(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, ceanglaítear ar Stiúrthóirí cuideachta a chomhlíonann coinníollacha áirithe Ráiteas Comhlíontachta a áireamh i dTuarascáil na Stiúrthóirí (féach Aguisín 3).

3.4.2 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais:

Faoi alt 314 go dtí alt 323, Acht na gCuideachtaí 2014, ceanglaítear ar chuideachta a nochtadh sna Nótaí lena cuid Ráiteas Airgeadais reachtúil faisnéis áirithe lena n-áirítear an méid seo a leanas: (féach tuilleadh mionsonraí in Aguisín 4)

- Luach Saothair agus Idirbhearta na stiúrthóirí;
- Gnóthais ghaolmhara;
- Sonraí i dtaobh baill foirne;
- Scairchaipiteal údaraithe, scairchaipiteal leithrinnte nó eisithe agus gluaiseachtaí sa scairchaipiteal;
- Cúnamh airgeadais ón gcuideachta i ndáil le ceannach scaireanna dá cuid féin;
- Sealbhú scaireanna dá cuid féin nó scaireanna i ngnóthas sealbhaíochta;
- Beartais chuntasaíochta;
- Luach saothair maidir le hiniúchadh, obair a bhaineann le hiniúchadh agus obair nach mbaineann le hiniúchadh; agus
- Socruithe nach bhfuil san áireamh i gclár comhardaithe na cuideachta nó an ghrúpa.

3.5 Díolúintí atá ar fáil i ndáil le Ráitis Airgeadais

Cé nach mór don chuideachta Ráitis Airgeadais iomlána a chur faoi bhráid cruinniú ginearálta bliantúil, ag brath ar chineál agus ar mhéid na cuideachta d'fhéadfadh sí a bheith in ann díolúine a éileamh ó Ráitis Airgeadais iomlána, nó Ráitis Airgeadais ar bith, a chomhdú leis an CRO. Cuideachtaí a chomhlíonann critéir shonracha, is féidir go bhféadfaidís ceann amháin nó níos mó de na díolúintí seo a leanas a éileamh:

- Díolúine ó Iniúchadh i leith Cuideachta Bheag/Micreachuideachta
- Díolúine ó Iniúchadh i leith Cuideachta Dhíomhaoin
- Eisceacht ar bhonn méid/giorrú
- Díolúine ó Ráitis Airgeadais a Chomhdú

Is féidir leat úsáid a bhaint as an tábla thíos chun a sheiceáil cad iad na díolúintí atá ar fáil do do chineál cuideachta. Chomh luath agus a bhunóidh tú gur féidir le do chineál cuideachta leas a bhaint as díolúine, ní mór do na stiúrthóirí a sheiceáil go gcomhlíonann do chuideachta na critéir don díolúine.

Cineálacha cuideachtaí agus díolúintí	Iniúchadh	Díomhaoin	Ráitis Airgeadais	Méid/giorrú	Líon na gcomhaltaí ar féidir leo seasamh ar iniúchadh
Cuideachta TEO (Cuid 2 d' Acht na gCuideachtaí 2014)	TÁ	TÁ	NÍL	TÁ	Comhalta amháin nó níos mó in ionannas ar a laghad 10% de na Cearta vótála
Scaireanna CGA (Cuid 16, Acht na gCuideachtaí 2014) Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe	TÁ	TÁ	NÍL	TÁ	Comhalta amháin nó níos mó in ionannas ar a laghad 10% de na Cearta vótála
CGA Ráthaíochta (Cuid 16, Acht na gCuideachtaí 2014) Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe	TÁ	TÁ	TÁ	TÁ	Comhalta amháin nó níos mó in ionannas ar a laghad 10% de na Cearta vótála
CTR (Cuid 18, Acht na gCuideachtaí 2014) Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta	TÁ	TÁ	TÁ	TÁ	1 chomhalta amháin
CPT (Cuid 17, Acht na gCuideachtaí 2014) Cuideachta Phoiblí Theoranta	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL	Neamhbhainteach
CPN (Cuid 19, Acht na gCuideachtaí 2014) Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL	Neamhbhainteach
CPNT (Cuid 19, Acht na gCuideachtaí 2014) Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta gan scairchaipiteal	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL	Neamhbhainteach
CNT neamhainmnithe (Cuid 19, Acht na gCuideachtaí 2014) Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta	TÁ	TÁ	TÁ	TÁ	Comhalta amháin nó níos mó in ionannas ar a laghad 10% de na Cearta vótála
CNT ainmnithe (Cuid 19, Acht na gCuideachtaí 2014) Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta	TÁ	TÁ	NÍL	TÁ	Comhalta amháin nó níos mó in ionannas ar a laghad 10% de na Cearta vótála

An bhfuil gach cineál cuideachta incháilithe don díolúine ar bhonn méid/giorrú ó Ráitis Airgeadais iomlána a chomhdú?

Ní bhaineann an díolúine méid le Cuideachtaí Poiblí Teoranta (CPT) ná Cuideachtaí Poiblí Neamhtheoranta (CPN/CPNT) ná le haon chuideachta a thagann faoi réim aon fhorála den Chúigiú Sceideal a ghabhann le hAcht 2014. Is féidir le gach cineál eile cuideachta atá aicmithe mar chuideachtaí beaga nó meánmhéide díolúine a éileamh ó Ráitis Airgeadais iomlána a chomhdú agus Ráitis Airgeadais ghiorraithe a chomhdú ina ionad sin (alt 353).

An bhfuil gach cineál cuideachta incháilithe don díolúine ó iniúchadh do chuideachta bheag nó do chuideachta dhíomhaoin?

Níl na cuideachtaí seo a leanas i dteideal ceachtar díolúine:

- Cuideachtaí Poiblí Teoranta, Cuideachtaí Poiblí Neamhtheoranta agus Cuideachtaí Infheistíochta
- Foras creidmheasa nó gnóthas árachais
- Cuideachta dá dtagraítear sa Chúigiú Sceideal, Acht na gCuideachtaí 2014 (féach Aguisín 5).

Tá mionsonraithe sna hailt seo a leanas maidir leis na díolúintí atá ar fáil do chineálacha agus méideanna éagsúla cuideachtaí, agus maidir leis na coinníollacha a bhfuil feidhm acu:

3.5.1 Micreachuideachta

Is féidir le micreachuideachtí bheag a shásaíonn coinníollacha áirithe trí chineál díolúine a éileamh:

- 3.5.1.1. Díolúine ó Ráitis Airgeadais iomlána a chomhdú (“Ráitis Airgeadais ghiorraithe”) (alt 352)
- 3.5.1.2. Díolúine ó thuarascáil iniúcháirí a chomhdú (an “díolúine ó iniúchadh”) (alt 360)
- 3.5.1.3. Díolúine do chuideachta dhíomhaoin (ar fáil do chuideachtaí beag beann ar a méid) (alt 365)

3.5.1.1. Díolúine ó Ráitis Airgeadais iomlána a chomhdú (an díolúine “ar bhonn méid/giorrú”) (alt 352)

Chun a bheith incháilithe mar chuideachta bheag agus leas a bhaint as an díolúine seo, ní mór do chuideachta DHÁ CHEANN nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh sa bhliain airgeadais reatha agus sa bhliain airgeadais roimhe sin (murab é an chéad bhliain airgeadais aici) (alt 280D d’Acht na gCuideachtaí 2014):

- Ní sháraíonn iomlán an chláir comhardaithe €350,000
- Ní sháraíonn an láimhdeachas €700,000
- Ní sháraíonn líon na bhfostaithe 50

Micreachuideachtaí a éilíonn an “díolúine ar bhonn méid/giorrú”, níl mór dóibh iad seo a leanas a chomhdú:

- Clár Comhardaithe na cuideachta (leis an “ráiteas um dhíolúine do micreachuideachta” – féach thíos)
- Sliocht as tuarascáil na stiúrthóirí á shonrú céard é leas na stiúrthóirí i scaireanna agus i mbintíúir
- Tuarascáil iniúcháirí (leis an gcuid de thuarascáil na n-iniúcháirí atá de dhíth nuair a bhítear ag éileamh na díolúine do chuideachta bheag (Alt 356(1) d’Acht na gCuideachtaí 2014)(féach mír 5.4 den Bhileog seo)
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (alt 314 go dtí alt 323 d’Acht na gCuideachtaí 2014)

Ráitis “díolúine ar bhonn méid/giorrú” i gcás micreachuideachta:

Cuideachta a bhfuil an “díolúine ar bhonn méid/giorrú” á héileamh aici, ní mór di Tuarascáil na nIniúcháirí do na stiúrthóirí a chomhdú agus ní mór di an méid seo a leanas a lua ar a Clár Comhardaithe:

Sonraíonn mise/muidne, i mo cháil nó inár gcáil mar stiúrthóir nó stiúrthóirí (ainm na cuideachta) –

Gur bhraith an chuideachta ar an díolúine atá in alt 352 d’Acht na gCuideachtaí 2014 mar micreachuideachta; go ndearna an chuideachta é sin ar na forais go bhfuil sí i dteideal tairbhe a bhaint as an díolúine mar chuideachta bheag agus deimhnímid nó deimhnímid go bhfuil na Ráitis Airgeadais ghiorraithe ullmhaithe go cuí de réir alt 353 d’Acht na gCuideachtaí 2014.

Thar ceann an bhoird:

*Ainm CLÓSCRÍOFA an tSínitheora:
Stiúrthóir
Dáta*

*Ainm CLÓSCRÍOFA an tSínitheora:
Stiúrthóir
Dáta*

3.5.1.2. Díolúine ó thuarascáil iniúcháirí a chomhdú (an “díolúine ó iniúchadh”) (alt 360 d’Acht na gCuideachtaí 2014)

Díolúine ó Iniúchadh i leith Micreachuideachta (Féach Cuid 4 freisin)

Ionas go mbeidh cuideachta i dteideal díolúine ó iniúchadh i leith micreachuideachta, ní mór don chuideachta na critéir seo a leanas a chomhlíonadh i leith na bliana airgeadais lena mbaineann agus na bliana roimhe sin – alt 280D d’Acht na gCuideachtaí 2014.

- Ní mór don chuideachta a bheith incháilithe mar “micreachuideachta” (féach mír 3.5.1.1. thuas). Ní mór nach mbeadh an chuideachta in aon cheann de na 18 rang cuideachtaí atá liostaithe sa Cúigiú Sceideal d’Acht na gCuideachtaí 2014
- Ní mór tuairisceán bliantúil na cuideachta, a bhfuil Ráitis Airgeadais ceangailte leis, a chomhdú in

am an bhliain atá i gceist agus an bhliain roimhe sin (alt 363 d'Acht na gCuideachtaí 2014).

Cuideachtaí beaga a éilíonn an díolúine ó iniúchadh agus an díolúine ar bhonn giorrú, níl mór dóibh iad seo a leanas a chomhdú:

- Clár Comhardaithe na cuideachta (le (a) go (e) den “ráiteas um dhíolúine ó iniúchadh” san áireamh ag bun an Chláir Comhardaithe)
- Sliocht as Tuarascáil na Stiúrthóirí á shonrú céard é leas na Stiúrthóirí i scaireanna agus i mbintíúir
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Ráiteas Samplach le cur san áireamh ar Chlár Comhardaithe má tá an díolúine ó iniúchadh AGUS an díolúine i leith micreachuideachta (giorrú) á n-éileamh:

Sonraíonn mise/muidne, i mo cháil nó inár gcáil mar stiúrthóir nó stiúrthóirí (ainm na cuideachta):

(a) go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as an díolúine dá bhforáiltear le Caibidil 15 de Chuid 6 d'Acht na gCuideachtaí 2014,

(b) go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as an díolúine ar na forais go gcomhlíonann sí na coinníollacha a shonraítear in alt 358,

(c) nár sheirbheáil scairshealbhóirí na cuideachta fógra ar an gcuideachta faoi alt 334(1) de réir alt 334(2),

(d) go n-admhaímid oibleagáidí na cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí 2014, chun taifid chuntais chuí a choimeád agus Ráitis Airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais na cuideachta ag deireadh a bliana airgeadais agus ar a sochar nó a dochar don bhliain sin agus chun na forálacha d'Acht na gCuideachtaí 2014 a bhaineann le Ráitis Airgeadais a chomhlíonadh thairis sin a mhéid atá na forálacha sin infheidhmithe maidir leis an gcuideachta,

**(e) gur bhraith an chuideachta ar an díolúine a shonraítear in alt 352 d'Acht na gCuideachtaí 2014 mar micreachuideachta; go ndearna an chuideachta é sin ar na forais go bhfuil an chuideachta i dteideal tairbhe a bhaint as an díolúine mar chuideachta bheag agus go bhfuil na Ráitis Airgeadais ghiorraithe ullmhaithe go cuí de réir alt 353 d'Acht na gCuideachtaí 2014.*

Thar ceann an bhoird:

*Ainm CLÓSCRÍOFA an tSínitheora:
Stiúrthóir
Dáta:*

*Ainm CLÓSCRÍOFA an tSínitheora:
Stiúrthóir
Dáta:*

*(*Sa ráiteas thuas, úsáid alt (a) – alt (d) más rud é go bhfuil díolúine ó iniúchadh a héileamh agus cuir alt (e) leis má tá an díolúine i leith cuideachta bheag/giorrú á héileamh. Is féidir le cuideachta bheag ceachtar den dá dhíolúine thuas nó iad araon a éileamh ina cuid Ráiteas Airgeadais má tá sí incháilithe.)*

3.5.2 Cuideachtaí Beaga

Is féidir le cuideachta bheag a shásaíonn coinníollacha áirithe trí chineál díolúine a éileamh:

- 3.5.1.1. Díolúine ó Ráitis Airgeadais iomlána a chomhdú (“Ráitis Airgeadais ghiorraithe”) (alt 352)
- 3.5.1.2. Díolúine ó thuarascáil iniúchóirí a chomhdú (an “díolúine ó iniúchadh”) (alt 360)
- 3.5.1.3. Díolúine do chuideachta dhíomhaoin (ar fáil do chuideachtaí beag beann ar a méid) (alt 365)

3.5.2.1. Díolúine ó Ráitis Airgeadais iomlána a chomhdú (an díolúine “ar bhonn méid/giorrú”) (alt 352)

Chun a bheith incháilithe mar chuideachta bheag agus leas a bhaint as an díolúine seo, ní mór do chuideachta DHÁ CHEANN nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh sa bhliain airgeadais reatha agus sa bhliain airgeadais roimhe sin (murab é an chéad bhliain airgeadais aici) (alt 280A d'Acht na gCuideachtaí 2014):

- Ní sháraíonn iomlán an chláir comhardaithe €6m
- Ní sháraíonn an láimhdeachas €12m
- Ní sháraíonn líon na bhfostaithe 50

(Níl díolúine ar fáil do chuideachtaí poiblí ach amháin i gcás Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta.

Cuideachtaí beaga a éilíonn an “díolúine ar bhonn méid/giorrú”, níl mór dóibh iad seo a leanas a chomhdú:

- Clár Comhardaithe na cuideachta (leis an “ráiteas um dhíolúine do chuideachta bheag” – féach thíos)
- Sliocht as tuarascáil na stiúrthóirí á shonrú céard é leas na stiúrthóirí i scaireanna agus i mbintíúir
- Tuarascáil iniúcháirí (leis an gcuid de thuarascáil na n-iniúcháirí atá de dhíth nuair a bhítear ag éileamh na díolúine do chuideachta bheag (Alt 356(1) d’Acht na gCuideachtaí 2014)(féach mír 5.4 den Bhileog seo)
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (alt 314 go dtí alt 323 d’Acht na gCuideachtaí 2014)

Ráitis “díolúine ar bhonn méid/giorrú” i gcás cuideachta bheag:

Cuideachta a bhfuil an “díolúine ar bhonn méid/giorrú” á héileamh aici, ní mór di Tuarascáil na nIniúcháirí do na stiúrthóirí a chomhdú agus ní mór di an méid seo a leanas a lua ar a Clár Comhardaithe:

Sonraíonn mise/muidne, i mo cháil nó inár gcáil mar stiúrthóir nó stiúrthóirí (ainm na cuideachta) –

Gur bhraith an chuideachta ar an díolúine atá in alt 352 d’Acht na gCuideachtaí 2014; go ndearna an chuideachta é sin ar na forais go bhfuil sí i dteideal tairbhe a bhaint as an díolúine mar chuideachta bheag agus deimhnímid nó deimhnímid go bhfuil na Ráitis Airgeadais ghiorraithe ullmhaithe go cuí de réir alt 353 d’Acht na gCuideachtaí 2014.

Thar ceann an bhoird:

<i>Ainm CLÓSCRÍOFA an tSínitheora:</i>	<i>Ainm CLÓSCRÍOFA an tSínitheora:</i>
<i>Stiúrthóir</i>	<i>Stiúrthóir</i>
<i>Dáta</i>	<i>Dáta</i>

3.5.2.2. Díolúine ó thuarascáil iniúchára a chomhdú (an “díolúine ó iniúchadh”) (alt 360 d’Acht na gCuideachtaí 2014)

Díolúine ó Iniúchadh i leith Cuideachta Bheag (Féach Cuid 4 freisin)

Ionas go mbeidh cuideachta i dteideal díolúine ó iniúchadh i leith cuideachta bheag, ní mór don chuideachta na critéir seo a leanas a chomhlíonadh i leith na bliana airgeadais lena mbaineann agus na bliana roimhe sin – alt 350(3) d’Acht na gCuideachtaí 2014.

- Ní mór don chuideachta a bheith incháilithe mar “cuideachta bheag” (féach mír 3.5.1.1. thuas). Ní mór nach mbeadh an chuideachta in aon cheann de na 18 rang cuideachtaí atá liostaithe sa Cúigiú Sceideal d’Acht na gCuideachtaí 2014 (féach **Aguisín 5**).
- Ní mór tuairisceán bliantúil na cuideachta, a bhfuil Ráitis Airgeadais ceangailte leis, a chomhdú in am an bhliain atá i gceist agus an bhliain roimhe sin (alt 363 d’Acht na gCuideachtaí 2014).

Cuideachtaí beaga a éilíonn an díolúine ó iniúchadh agus an díolúine ar bhonn giorrú, níl mór dóibh iad seo a leanas a chomhdú:

- Clár Comhardaithe na cuideachta (le (a) go (e) den “ráiteas um dhíolúine ó iniúchadh” san áireamh ag bun an Chláir Comhardaithe)
- Sliocht as Tuarascáil na Stiúrthóirí á shonrú céard é leas na Stiúrthóirí i scaireanna agus i mbintíúir
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Ráiteas Samplach le cur san áireamh ar Chlár Comhardaithe má tá an díolúine ó iniúchadh AGUS an díolúine i leith cuideachta bheag (giorrú) á n-éileamh:

Sonraíonn mise/muidne, i mo cháil nó inár gcáil mar stiúrthóir nó stiúrthóirí (ainm na cuideachta):

(a) go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as an díolúine dá bhforáiltear le Caibidil 15 de Chuid 6 d'Acht na gCuideachtaí 2014,

(b) go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as an díolúine ar na forais go gcomhlíonann sí na coinníollacha a shonraítear in alt 358,

(c) nár sheirbheáil scairshealbhóirí na cuideachta fógra ar an gcuideachta faoi alt 334(1) de réir alt 334(2),

(d) go n-admhaímid oibleagáidí na cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí 2014, chun taifid chuntais chuí a choimeád agus Ráitis Airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais na cuideachta ag deireadh a bliana airgeadais agus ar a sochar nó a dochar don bhliain sin agus chun na forálacha d'Acht na gCuideachtaí 2014 a bhaineann le Ráitis Airgeadais a chomhlíonadh thairis sin a mhéid atá na forálacha sin infheidhmithe maidir leis an gcuideachta,

**(e) gur bhraith an chuideachta ar an díolúine a shonraítear in alt 352 d'Acht na gCuideachtaí 2014; go ndearna an chuideachta é sin ar na forais go bhfuil an chuideachta i dteideal tairbhe a bhaint as an díolúine mar chuideachta bheag agus go bhfuil na Ráitis Airgeadais ghiorroithe ullmhaithe go cuí de réir alt 353 d'Acht na gCuideachtaí 2014.*

Thar ceann an bhoird:

Ainm CLÓSCRÍOFA an tSínitheora:

Stiúrthóir

Dáta:

Ainm CLÓSCRÍOFA an tSínitheora:

Stiúrthóir

Dáta:

*(*Sa ráiteas thuas, úsáid alt (a) – alt (d) más rud é go bhfuil díolúine ó iniúchadh a héileamh agus cuir alt (e) leis má tá an díolúine i leith cuideachta bheag/giorrú á héileamh. Is féidir le cuideachta bheag ceachtar den dá dhíolúine thuas nó iad araon a éileamh ina cuid Ráiteas Airgeadais má tá sí incháilithe.)*

3.5.3. Cuideachta Dhíomhaoin

Díolúine ó Iniúchadh i leith Cuideachta Dhíomhaoin (alt 365, Acht na gCuideachtaí 2014)

NÍ BHAINÉANN an Díolúine ó Iniúchadh i leith Cuideachta Dhíomhaoin go sonrach le méid na cuideachta. Is féidir le cuideachta a bheith incháilithe chun an díolúine ó iniúchadh a éileamh ar bhonn í a bheith díomhaoin.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith amhlaidh maidir le stiúrthóirí na cuideachta:

- de réir dlí, mura gcuirtear tuairisceán isteach in am, ní féidir le cuideachta díolúine ó iniúchadh a fháil i leith na gcuntas a chuirtear i gceangal leis an tuairisceán bliantúil sin agus le tuairisceán na bliana ina dhiaidh sin (a.363 CA 2014) agus
- ní féidir CPT, CPN nó CPNT díolúine ó iniúchadh a éileamh.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith amhlaidh maidir le stiúrthóirí na cuideachta:

(i) Tá siad den tuairim gurb amhlaidh, i leith na bliana airgeadais lena mbaineann, go bhfuil an chuideachta díomhaoin agus go gcomhlíonfaidh sí na coinníollacha a shonraítear in (a) agus (b) thíos, agus

(ii) Cinnfidh siad gur chóir don chuideachta leas a bhaint as an díolúine sa bhliain sin (agus déanfaidh siad an cinneadh sin a thaifeadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann):

(a) Níl aon idirbheart cuntasaíochta suntasach aici (is é sin, idirbheart a cheanglaítear faoi alt 281 agus alt 282 d'Acht na gCuideachtaí 2014 atá le breacadh síos i dtaifid chuntasaíochta na cuideachta; agus

(b) Ní chuimsítear lena cuid sócmhainní agus dliteanas ach amháin sócmhainní agus dliteanais atá ceadaithe (.i. infheistíochtaí i scaireanna de chuid grúpghnóthas eile, agus suimeanna atá dlite dóibh nó uathu).

Agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil cuideachta díomhaoin chun críocha alt 365, cuirtear an méid seo a leanas as an áireamh:

(a) aon idirbheart a eascraíonn as glacadh scaireanna sa chuideachta ag sínitheoir bunreachta mar thoradh ar ghníomhaíocht a rinne sé nó sí i dtaca le foirmiú na cuideachta;

(b) aon idirbheart lena gcuimsítear na nithe seo a leanas—

(i) táille a íoc leis an gCláraitheoir ar athrú ainm na cuideachta;

(ii) táille a íoc leis an gCláraitheoir ar ath-chlárú na cuideachta; nó

(iii) táille a íoc leis an gCláraitheoir maidir le tuairisceán bliantúil a chlárú (lena n-áirítear aon táille de mhéid méadaithe de bhua rialachán faoi alt 889(6)).

An ceart atá ag comhaltaí chun easaontú leis an díolúine ó iniúchadh, ní bhaineann sé le cuideachta dhíomhaoin (alt 334(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014).

Díolúine ó iniúchadh i leith cuideachta dhíomhaoin – ráitis atá le háireamh sa chlár comhardaithe (alt 365):

Nuair a bhítear ag baint leasa as an díolúine i leith cuideachta dhíomhaoin, ní mór do stiúrthóirí na cuideachta na ráitis seo a leanas a áireamh ar chlár comhardaithe na cuideachta:

Sonraíonn mise/muidne, i mo cháil nó inár gcáil mar stiúrthóir nó stiúrthóirí (ainm na cuideachta):

(a) go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as an díolúine ó iniúchadh dá bhforáiltear le Caibidil 16 de Chuid 6 d'Acht na gCuideachtaí 2014;

(b) go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as an díolúine ar na forais go gcomhlíonann sí na coinníollacha a shonraítear in alt 365(2)';

(c) go n-adhmaímid oibleagáidí na cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí 2014, chun taifid chuntais chuí a choimeád agus chun Ráitis Airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorchear ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta ag deireadh a bliana airgeadais agus ar a sochar nó a dochar don bhliain sin agus chun na forálacha d'Acht na gCuideachtaí 2014 a bhaineann le Ráitis Airgeadais a chomhlíonadh thairis sin a mhéid atá na forálacha sin infheidhmithe maidir leis an gcuideachta;

(d) deimhnimid leis seo gur bhraitheamar ar an díolúine a shonraítear in alt 365 d'Acht na gCuideachtaí 2014 ar na forais go bhfuil an chuideachta i dteideal tairbhe a bhaint as an díolúine sin mar chuideachta dhíomhaoin.

(e) gur bhraith an chuideachta ar an díolúine a shonraítear in alt 352 d'Acht na gCuideachtaí 2014; go ndearna an chuideachta é sin ar na forais go bhfuil an chuideachta i dteideal tairbhe a bhaint as an díolúine mar chuideachta bheag agus go bhfuil na Ráitis Airgeadais ghiorraithe ullmhaithe go cui de réir alt 353 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Thar ceann an bhoird:

*Ainm CLÓSCRÍOFA an tSínitheora:
Stiúrthóir
Dáta:*

*Ainm CLÓSCRÍOFA an tSínitheora:
Stiúrthóir
Dáta:*

*(*Sa ráiteas thuas, úsáid alt (a) – alt (d) más rud é go bhfuil díolúine ó iniúchadh a héileamh agus cuir alt (e) leis má tá an díolúine i leith cuideachta bheag/giorrú á héileamh. Is féidir le cuideachta bheag ceachtar den dá dhíolúine thuas nó iad araon a éileamh ina cuid Ráiteas Airgeadais má tá sí incháilithe.)*

3.5.4 Cuideachtaí Meánmhéide

Chun a bheith incháilithe mar chuideachta mheánmhéide, ní mór do chuideachta DHÁ CHEANN nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh sa bhliain airgeadais reatha agus sa bhliain airgeadais roimhe sin (murab é an chéad bhliain airgeadais aici) (alt 280F d'Acht na gCuideachtaí 2014):

- Ní sháraíonn iomlán an chláir comhardaithe €20m
- Ní sháraíonn an láimhdeachas €40m
- Ní sháraíonn líon na bhfostaithe 250 duine

Ní ag cuideachtaí meánmhéide atá aon díolúine ó lánráitis airgeadais a chomhdú. Is le micreachuideachtaí/cuideachtaí beaga amháin a bhaineann an díolúine ar bhonn méide. Tá cuideachtaí meánmhéide díolmhaithe ó luach saothair a nochtadh lena iniúchadh faoi alt 322 d'Acht na gCuideachtaí 2014, arna leasú. Nach bhfuil cuideachtaí meánmhéide i dteideal díolúine ó iniúchadh.

3.5.5. Díolúine ó Ráitis Airgeadais a Chomhdú leis an CRO

Féadfaidh na cuideachtaí seo a leanas díolúine a éileamh ó Ráitis Airgeadais a chomhdú lena dtuairisceán bliantúil (ní mór Foirm B1 a chomhdú leis an CRO go fóill);

- Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe (CGA) a bunaíodh chun críocha carthanúla a bhfuil díolúine acu ó Ráitis Airgeadais a chomhdú leis an CRO le hordú arna dhéanamh ag an údarás ábhartha. (An tÚdarás Rialála Carthanas).
- Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR) a bunaíodh chun críocha carthanúla a bhfuil díolúine acu ó Ráitis Airgeadais a chomhdú le hordú arna dhéanamh ag an údarás ábhartha (An tÚdarás Rialála Carthanas).
- Is féidir le Cuideachtaí Neamhtheoranta (CNT) neamhainmnithe díolúine a éileamh ó Ráitis Airgeadais a chomhdú. Féach na ceanglais atá ar Chuideachta Neamhtheoranta (ULC) chun tuilleadh eolais a fháil i dtaobh cad iad na cineálacha CNT atá ainmnithe nó neamh-ainmnithe (féach mír 3.6.2 den Bhileog seo).

3.6. Ceanglais shonracha ar Chineálacha Éagsúla Cuideachtaí

3.6.1 Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta (CTRanna) agus Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe (CGAanna)

Níl feidhm ag alt 325(1)(c) agus alt 329 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le CTRanna. Toisc nach bhfuil aon scairchaipiteal ag na cuideachtaí sin, ní cheanglaítear orthu sonraí a áireamh i dtuarascáil na stiúrthóirí i ndáil le fáil nó diúscairt scaireanna dá gcuid féin ná leas i scaireanna agus bintiúir. Féach ar an alt iomchuí den Acht le do thoil le haghaidh tuilleadh eolais.

Is féidir le CTRanna agus CGAanna a bunaíodh chun críocha carthanúla, agus atá díolmhaithe ag an údarás iomchuí, leas a bhaint as díolúine ó Ráitis Airgeadais a chomhdú leis an CRO.

3.6.2 Ceanglais ar Chuideachtaí Neamhtheoranta (CNT)

Tá na Cuideachtaí Neamhtheoranta seo a leanas faoi réir na gceanglas maidir le Ráitis Airgeadais a ullmhú agus a chomhdú: (do bhlianta airgeadais a thosóidh tar éis an 1 Eanáir 2017):

Ciallaíonn cuideachta neamhtheoranta ainmnithe -

(a) cuideachta neamhtheoranta, ar cuideachta í, tráth ar bith le linn na bliana airgeadais iomchuí -

(i) a bhí ina foghnóthas de chuid gnóthas a bhí teoranta ag an am sin,

(ii) a raibh cearta infheidmithe ina leith ag 2 gnóthas nó níos mó a bhí teoranta ag an am sin nó thar ceann na ngnóthas sin, ar cearta iad lena ndéanfaí foghnóthas de chuid ceann amháin de na gnóthais den chuideachta neamhtheoranta, dá mbeadh na cearta infheidhmithe ag ceann amháin díobh nó,

(iii) a bhí ina cuideachta sealbhaíochta de chuid gnóthais a bhí teoranta ag an am sin

(b) cuideachta neamhtheoranta ar foras creidmheasa nó gnóthas árachais í nó cuideachta sealbhaíochta forais chreidmheasa nó gnóthas árachais

(c) cuideachta neamhtheoranta a bhfuil gach ceann dá baill -

(i) ina gcuideachtaí faoi theorainn scaireanna nó faoi theorainn ráthaíochta,

(ii) ina gcuideachtaí neamhtheoranta, a bhfuil gach ceann dá mbaill ina gcuideachtaí teoranta,

(iii) ina gcomhpháirtíochtaí teoranta nach comhpháirtíochtaí teoranta iad, a bhfuil gach ceann dá mbaill ina gcuideachtaí teoranta

(iv) ina gcomhpháirtíochtaí teoranta a bhfuil gach ceann dá gcomhpháirtithe ginearálta (de réir bhrí an Limited Partnerships Act 1907) ina gcuideachtaí teoranta, nó

(v) á bhfeidhmiú in aon teaghlaim de na cineálacha comhlachtaí dá dtagraítear sna fomhíreanna roimhe seo den mhír seo agus í mír (a) nó

(d) cuideachta neamhtheoranta, a gcuimsíonn na baill dhíreacha nó indéreacha di aon teaghlaim de chuideachtaí neamhtheoranta agus de chomhlachtaí dá dtagraítear i mír (c) sa mhéid is go bhfuil

dliteanas teoranta ar na húinéirí tairbhiúla deiridh.

Folóidh tagairtí do chuideachta theoranta, do chuideachta neamhtheoranta, do chomhpháirtíocht nó do chomhpháirtíocht theoranta tagairtí do chomhlacht nach rialaítear le dlí an Stáit ach atá inchomhparáide le cuideachta theoranta, le cuideachta neamhtheoranta, le comhpháirtíocht nó le comhpháirtíocht theoranta den sórt sin, de réir mar is cuí.

Folóidh tagairtí do ghnóthas a bheith teoranta ag am ar leith tagairtí do ghnóthas (faoi cibé dlí bunaíodh é) a bhfuil dliteanas teoranta ar a bhaill ag an am sin.

Tá le “comhpháirtí ginearálta” an bhrí chéanna atá leis sa Limited Partnerships Act 1907.

Cialaíonn “comhpháirtíocht theoranta” comhpháirtíocht a bhfuil feidhm ag an Limited Partnerships Act 1907 ina leith

Tá le “comhpháirtíocht” an bhrí chéanna atá leis sa Partnership Act 1890.

Déanfar tagairtí do (A)(iii) i ngníomh an 1 Eanáir 2022 do aon bhliain airgeadais dar tosach an dáta sin nó dá éis.

3.6.3 Is féidir le Cuideachtaí Neamhtheoranta Príobháideacha (CNTanna) díolúine ó iniúchadh a éileamh a luaithe a bheidh siad incháilithe.

3.6.4 Ní féidir le Cuideachtaí Poiblí Teoranta (CPTanna), Cuideachtaí Poiblí Neamhtheoranta (CPNanna) ná Cuideachtaí Poiblí Neamhtheoranta gan scairchaipiteal (CPNTanna) aon díolúintí a éileamh agus ní mór dóibh Ráitis Airgeadais iomlána a chomhdú.

3.7 Deimhniú na Ráiteas Airgeadais

I gcás ina bhfuil Ráitis Airgeadais á gcomhdú ag an gcuideachta leis an tuairisceán bliantúil, feidhmíonn deimhniú Foirm B1 mar dheimhniú i leith na Ráiteas Airgeadais freisin (féach mír 2.4 agus mír 2.5 den Bhileog seo maidir leis an Fhoirm B1 a shíniú).

4. Díolúine ó Iniúchadh – Faisnéis Bhreise

4.1 Cén fáth a bhfuil díolúine ó iniúchadh ar fáil do chuideachtaí áirithe?

Measadh go raibh an ceanglas iniúchta ina ualach míchuí ar ghnólachtaí beaga. I gcás go leor cuideachtaí beaga, is iad na daoine céanna na bainisteoirí agus na húinéirí, agus measadh gur mhó costas an iniúchta ná na tairbhí a bheadh le baint as.

NB: Baineann an díolúine sin le hiniúchadh a dhéanamh ar na Ráitis Airgeadais agus leis sin amháin. Níl aon díolúine ó na ceanglais reachtúla gur gá do chuideachta Ráitis Airgeadais a ullmhú, iad a leagan faoi bhráid chruinniú ginearálta bliantúil na cuideachta, agus Ráitis Airgeadais a chomhdú lena tuairisceán bliantúil.

Tá dhá chineál díolúine ó iniúchadh ar fáil:

- Díolúine ó Iniúchadh i leith Cuideachta Bheag/Micreachuideacta/Grúpa Beag – Caibidil 15, Cuid 6 d'Acht na gCuideachtaí 2014
- Díolúine ó Iniúchadh i leith Cuideachta Dhíomhaoin – Caibidil 16, Cuid 6 d'Acht na gCuideachtaí 2014

4.2. An bhfuil gach cineál cuideachta incháilithe don díolúine ó iniúchadh/díolúine do chuideachta dhíomhaoin?

Níl na cuideachtaí seo a leanas i dteideal ceachtar díolúine -

- Cuideachtaí Poiblí Teoranta (CPT), Cuideachtaí Poiblí Neamhtheoranta (CPNT) agus Cuideachtaí Infheistíochta.
- Foras creidmheasa nó gnóthas árachais
- Sa chás gur cineál cuideachta dá dtagraítear sa Chúigiú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí 2014 (féach Aguisín 5) is ea cuideachta nó fochuideachta

4.3 Cad nach mór don chuideachta a dhéanamh roimh dhíolúine ó iniúchadh a éileamh?

Agus cinneadh á dhéanamh aici an mian léi an t-iniúchadh a fháil déanta i leith bliain airgeadais, ba chóir di a chur san áireamh go bhféadfadh go gceanglódh tríú páirtithe atá bainteach leis an gcuideachta (m.sh. baincírí nó eagraíochtaí trádála) go gcuirfí iniúchadh i gcrích.

Ina theannta sin, má iarrann duine amháin nó níos mó de scairshealbhóirí na cuideachta, a bhfuil méid nach lú ná 10% de na cearta vótála acu (comhalta amháin i gcás cuideachta rátháíochta – CTR), nach mbainfidh an chuideachta leas as an díolúine agus má dhéanann sé nó sí nó siad fógra a sheirbheáil i scríbhinn chuige sin ar an gcuideachta sa bhliain airgeadais díreach roimh an mbliain airgeadais lena mbaineann nó le linn na bliana airgeadais lena mbaineann ach tráth nach déanaí ná mí amháin roimh dheireadh na bliana sin, ní mór go ndéanfaí iniúchadh ar an gcuideachta (alt 334, Acht na gCuideachtaí 2014).

Má chinneann Stiúrthóirí cuideachta díomhaoiné díolúine ó iniúchadh a éileamh i leith bliain airgeadais, ní mór dóibh an cinneadh a dhéanamh sa bhliain airgeadais sin agus an cinneadh a chur ar taifead i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann (alt 365(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014).

4.4 An féidir le mo chuideachta leas a bhaint as an díolúine i leith bliain airgeadais atá críochnaithe?

IS FÉIDIR, má tá díolúine ó iniúchadh i leith cuideachta bheag á héileamh ag an gcuideachta ach NÍ FÉIDIR má tá díolúine ó iniúchadh i leith cuideachta dhíomhaoin á héileamh aici. Sa chás sin ní mór do na Stiúrthóirí cinneadh an díolúine ó iniúchadh a éileamh sa bhliain airgeadais sin agus an cinneadh a chur ar taifead i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann (alt 365(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014).

4.5 Cailliúint na díolúine ó iniúchadh má tá cuideachta déanach agus a tuairisceán bliantúil á chomhdú?

Má dhéantar comhdú déanach ar thuairisceán bliantúil, cailleann an chuideachta an teidlfocht díolúine ó iniúchadh a éileamh sa dhá bhliain ina dhiaidh sin.

4.6. Cad a tharlaíonn má scoireann cuideachta de chloí leis na coinníollacha cáiliúcháin le linn na bliana airgeadais a bhfuil sí incháilithe chun an díolúine ó iniúchadh a éileamh ina leith?

Tá dualgas ar na stiúrthóirí iniúcháir a cheapadh don chuideachta a luaithe is féidir tar éis don chuideachta scor de na coinníollacha cáilitheacha a chomhlíonadh.

5. Tuarascáil na nIniúcháirí

5.1 Cad is iniúchadh ann?

Is éard is iniúchadh ann scrúdú neamhspleách ar na Ráitis Airgeadais atá ag gnólacht. Cuireann na hiniúcháirí a gcuid oibre i gcríoch chun a fhíorú go bhfuil na Ráitis Airgeadais ullmhaithe de réir dhlí na gcuideachtaí agus na bprionsabal cuntasáíochta a nglactar go ginearálta leo. Tar éis dóibh an obair sin a chur i gcrích, ullmhaíonn na hiniúcháirí tuarascáil á rá go dtugann na Ráitis Airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta don tréimhse atá faoi athbhreithniú agus ar shochar nó dochar na cuideachta.

5.2 An bhfuil ar mo chuideachta Tuarascáil Iniúcháirí a chomhdú?

Gach cuideachta nach bhfuil incháilithe le haghaidh Díolúine ó Iniúchadh, ceanglaítear uirthi tuarascáil iniúcháir a chomhdú do na comhaltaí de bhun alt 336/alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014 lena cuid Ráiteas Airgeadais.

5.3 Cad nach mór a shonrú i dTuarascáil na nIniúcháirí?

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith i dTuarascáil na nIniúcháirí.

- Cibé acu an bhfuair siad nó nach bhfuair siad an fhaisnéis agus na mínithe go léir ba ghá, fad ab eol dóibh agus mar a chreid siad chun críocha a n-iniúchta.
- Cibé acu, dar leo, an raibh nó nach raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach ionas go bhféadfaí na Ráitis Airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí,
- Cibé acu, dar leo, an bhfuarthas nó nach bhfuarthas faisnéis agus tuairisceáin is leordhóthanach dá n-iniúchadh ó bhraintí den chuideachta nár thug siad cuairt orthu,
- I gcás Ráitis Airgeadais aonáin, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil clár comhardaithe na cuideachta agus, ach amháin sa chás ina bhfuil leas bainte as an díolúine faoi alt 304, an cuntas sochair agus dochair ag teacht leis na taifid chuntasaíochta agus na tuairisceáin,
- Cibé acu, dar leo, an dtugtar nó nach dtugtar iontu léargas fíorcheart – i gcás clár comhardaithe aonáin, ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail ag deireadh na bliana airgeadais – i gcás cuntas sochair agus dochair aonáin, ar shochar agus dochar na cuideachta don bhliain airgeadais - i gcás Ráitis Airgeadais ghrúpa, ar na sócmhainní, na dliteanais, agus an staid airgeadais amhail ag deireadh na bliana airgeadais agus ar an sochar agus dochar do bhliain airgeadais na ngnóthas ar áireamh sa chomhdhlúthú ina iomláine, a mhéid a bhaineann le comhaltaí na Cuideachta,
- Cibé an bhfuil nó nach bhfuil na Ráitis Airgeadais reachtúla ullmhaithe go cuí de réir an chreata tuairiscithe airgeadais iomchuí agus, go háirithe, de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014 (agus, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 4 den Rialachán IAS)

Sonrófar i dtuarascáil reachtúil na n-iniúcháirí freisin cibé, dar leo, an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí don bhliain airgeadais ag teacht leis na Ráitis Airgeadais reachtúla.

- **Faoi alt 336(3a) d'Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna leasú), glactar leis, maidir le micreachuideachta, go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis fad a chomhlíontar ceanglais íosta Acht na gCuideachtaí, 2014.**
- **Faoi alt 336(5) d'Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna leasú), tá micreachuideachta cháilitheach díolmhaithe ón gceanglas chun tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú agus, dá bhrí sin, ón gceanglas chun ráiteas iniúcháirí a sholáthar i ndáil le tuarascáil stiúrthóirí.**
- **Faoi alt 336(8) d'Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna leasú le halt 45 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017), má tharlaíonn sé, maidir le haon Ráitis Airgeadais reachtúla, nár comhlíonadh ceanglais ailt 305-312 iontu, ní mór do na hiniúcháirí reachtúla, a mhéid is féidir leo a dhéanamh le réasún, ráiteas ina dtugtar na sonraí riachtanacha a áireamh sa tuarascáil uathu (pléitear le hailt 305-312 le luach saothair/leasanna/nochtadh sochar stiúrthóirí agus le nochtadh banc ceadúnaithe). Níl feidhm ag na ceanglais sin, áfach, maidir le cuideachtaí atá díolmhaithe ó na hailt shonracha sin.**

Chomh maith leis sin, beidh sa tuarascáil, i ndáil le gach ní dá dtagraítear sna pointí thuas, ráiteas nó tuairim, de réir mar a bheidh, a bheidh neamhcháilithe nó cáilithe agus ina mbeidh tagairt d'aon nithe ar mian leis na hiniúcháirí reachtúla aird a dhíriú orthu gan an tuarascáil a cháiliú. Is féidir le ráiteas tuairime a bheith cáilithe, lena n-áirítear go feadh tuairim chodarsnach nó séanadh tuairime, i gcás ina mbeidh easaontas nó teorainn i raon feidhme na hoibre.

Faoi alt 336(2), ba chóir go mbeadh réamhrá sa tuarascáil ina saináithnítear Ráitis Airgeadais an aonáin, agus nuair is cuí, na Ráitis Airgeadais ghrúpa, is ábhar an iniúchta, agus an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú agus freisin cur síos ar raon feidhme an iniúchta agus na caighdeáin iniúcháireachta ar dá réir a rinneadh an t-iniúchadh a sheoladh.

5.4 Tuarascáil na nIniúcháirí a shíniú (alt 337 d'Acht na gCuideachtaí 2014)

De réir alt 337 d'Acht na gCuideachtaí 2014, sonrófar sa chóip de thuarascáil na n-iniúcháirí reachtúla a dhéanfar a sheachadadh ar an gCláraitheoir ainm an iniúcháora reachtúil nó na n-iniúcháirí reachtúla agus beidh uirthi an síniú (i bhfoirm chlóchuir de réir alt 347(2)) agus an **dáta sínithe**.

De réir I.R. 312 de 2016

- más iniúcháir reachtúil (duine nádúrtha) é nó í an t-iniúcháir, beidh an tuarascáil sínithe ag an duine sin, nó
- más gnólacht iniúcháireachta reachtúla é an t-iniúcháir, beidh an tuarascáil sínithe:
- ag an iniúcháir reachtúil (nó, i gcás ina bhfuil níos mó ná duine amháin i gceist, gach iniúcháir reachtúil) atá ainmnithe ag an ngnólacht iniúcháireachta reachtúla don chúram iniúcháireachta áirithe sin chun bheith freagrach go príomha as an iniúchadh reachtúil a chur i gcrích thar ceann an ghnólachta iniúcháireachta,
- i gcás iniúchadh ar ghrúpa, ag an iniúcháir reachtúil ar a laghad (nó, i gcás ina bhfuil níos mó ná duine amháin i gceist, gach iniúcháir reachtúil) atá ainmnithe ag an ngnólacht iniúcháireachta reachtúla chun bheith freagrach go príomha as an iniúchadh reachtúil a chur i gcrích ar leibhéal an ghrúpa,

faoina ainm nó faoina hainm féin, ar son agus thar ceann an ghnólachta iniúcháireachta.

Aon tuarascáil iniúcháirí nach bhfuil **clóscríofa, sínithe agus dátaithe** de réir na míre seo, cuirfear ar ais chuig an láithreoir í lena ceartú de réir alt 898 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Áireofar Tuarascáil na nIniúcháirí sa deimhniú ar na Ráitis Airgeadais ar an bhfoirm B1 ó Stiúrtóir agus Rúnaí de chuid na cuideachta.

5.5 Tuarascáil Iniúcháirí i gcás ina bhfuil na Ráitis Airgeadais giorraithe

De bhreis ar thuarascáil na n-iniúcháirí do na comhaltaí, ní mór do chuideachta a bhfuil Ráitis Airgeadais giorraithe á gcomhdú aici tuarascáil iniúcháirí speisialta do na stiúrtóirí a chomhdú de bhun alt 356(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 i gcás cuideachta bheag nó alt 357(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014 i gcás cuideachta mheánmhéide.

Micreachuideachta/Cuideachta Bheag

Ceanglaítear an méid seo a leanas a shonrú i dtuarascáil na n-iniúcháirí do stiúrtóirí **cuideachta beag**:

Tá scrúdú déanta againn orthu seo a leanas:

- Na Ráitis Airgeadais giorraithe don bhliain dar chríoch _____ ar leathanaigh__ go dtí ____ a bhfuil sé beartaithe ag stiúrtóirí _____ a chur i gceangal le tuairisceán bliantúil na cuideachta; agus
- Na Ráitis Airgeadais atá le leagan faoi bhráid an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil atá mar bhonn do na Ráitis Airgeadais giorraithe sin.

Bhí raon feidhme ár n-oibre chun críche na tuarascála seo teoranta do dheimhniú go bhfuil na stiúrtóirí i dteideal Ráitis Airgeadais giorraithe a chur i gceangal leis an tuairisceán bliantúil agus go bhfuil na Ráitis Airgeadais giorraithe sin ullmhaithe go cuí, de bhun alt 347 agus alt 348 d'Acht na gCuideachtaí 2014, as na Ráitis Airgeadais atá le leagan faoi bhráid an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil.

Is é ár dtuairim go bhfuil na stiúrtóirí i dteideal, faoi alt 352 d'Acht na gCuideachtaí 2014, Ráitis

Airgeadais ghiorraithe a chur i gceangal le tuairisceán bliantúil na cuideachta agus go bhfuil na Ráitís Airgeadais ghiorraithe sin ullmhaithe go cuí de bhun fhorálacha alt 353 den Acht.

Ainm Clóscríofa:

Le haghaidh agus thar ceann (gnólacht iniúchóireachta)

Iniúchóirí: ABC & a Chuid

Dáta: LL/MM/BBBB

Ba chóir gur ar an dealramh seo a leanas a bheadh an ‘bloc sínithe’ ag bun na cóipe de thuarascáil na n-iniúchóirí a sheachadfar ar an gCláráitheoir:

Sa chás inar duine aonair é nó í an t-iniúchóir	Nó	Sa chás inar cuideachta iniúchóireachta é an t-iniúchóir:
Ainm CLÓSCRÍOFA an duine aonair mar atá sé ar an gClár Poiblí Iniúchóirí		Ainm nó ainmneacha CLÓSCRÍOFA an iniúcháora nó, má tá níos mó ná duine amháin i gceist, gach iniúcháora reachtúil le haghaidh agus thar ceann Ainm clóscríofa an Ghnólachta Iniúchóireachta Reachtúla mar atá sé ar an gClár Poiblí Iniúchóirí
Seoladh (roghnach)		Seoladh (roghnach)
Dáta sínithe		Dáta sínithe

5.6 Iniúchóir a Fhoirceannadh nó a Chur as Oifig (a.399 d’Acht na gCuideachtaí 2014)

(1) I gcás ina gcinneadh cuideachta ceapachán a iniúcháora a fhoirceannadh toisc go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as an díolúine ó iniúchadh,

- ní mór don Iniúchóir, **laistigh de 21 lá** ón bhfógra a fháil faoi chinneadh na cuideachta, fógra a chur chuig an gcuideachta á rá go bhfuil sé nó sí curtha as oifig mar Iniúchóir faoi alt 399 d’Acht na gCuideachtaí 2014, agus nach ann d’aon imthosca a bhaineann le cinneadh na cuideachta a cheapachán nó a ceapachán a fhoirceannadh a measann sé nó sí ina leith gur cheart iad a thabhairt ar aird do chomhaltaí nó do chreidiúnaithe na cuideachta NÓ má tá imthosca den sórt sin i gceist, ní mór don Iniúchóir iad a shonrú san fhógra chuig an gcuideachta, agus
- ní mór don Iniúchóir, **laistigh de 14 lá** ón bhfógra chuig an gcuideachta, cóip den fhógra sin a chur chuig an gCláráitheoir.

(2) Féadfaidh cuideachta, le gnáthrún ag cruinniú ginearálta, Iniúchóir a chur as oifig (má tá sé sin ar mhaithe le leas is fearr na cuideachta) (alt 395 d’Acht na gCuideachtaí 2014) agus Iniúchóir nua a cheapadh.

Laistigh de 14 lá tar éis di an rún a rith, tabharfaidh an chuideachta fógra don Chláráitheoir san fhoirm fhorordaithe (Foirm H3) (alt 385(2) d’Acht na gCuideachtaí 2014)

5.7 Iniúchóir d’Éirí as Oifig (alt 400 d’Acht na gCuideachtaí 2014)

Féadfaidh Iniúchóirí Reachtúla éirí as oifig trí fhógra i scríbhinn a sheoladh chuig an gcuideachta.

Sonrófar san fhógra:

- go bhfuil siad éirithe as oifig mar Iniúchóirí faoi alt 400 d’Acht na gCuideachtaí 2014 agus
- nach ann d’aon imthosca a bhaineann leis an gcinneadh ar imthosca iad is ceart do na hiniúchóirí a thabhairt ar aird do chomhaltaí nó do chreidiúnaithe na cuideachta, NÓ ráiteas maidir le haon imthosca den sórt sin.

Ní mór don Iniúchóir, **laistigh de 14 lá** ón bhfógra chuig an gcuideachta, cóip den fhógra sin a chur chuig an gCláráitheoir.

Má liostaíonn an tIníúcháir imthosca is ceart a thabhairt ar aird do chomhaltaí nó do chreidiúnaithe, seolfaidh an chuideachta cóip den fhógra, **laistigh de 14 lá**, chuig na daoine go léir atá i dteideal, faoi alt 339 d'Acht na gCuideachtaí 2014, go gcuirfí cóipeanna de na doiciméid dá dtagraítear san alt sin chucu.

5.8 An ceanglas Iniúcháir a bheith cláraithe

I gcás ina gceanglaítear tuarascáil iniúcháirí a chomhdú leis an CRO, ní mór d'oifigigh na cuideachta a áirithiú go bhfuil a n-iniúcháir cláraithe ar an gClár Poiblí Iniúcháirí atá le feiceáil ar shuíomh gréasáin an CRO – www.cro.ie.

Ní mór go n-áireofaí san fhoirm B1 Uimhir Chlárúcháin Iniúcháir (ARN) an iniúcháir, agus ní mór go meaitseálfadh sí sin go díreach uimhir an iniúcháir aonair nó an ghnólachta iniúcháirí a bhfuil a ainm ar thuarascáil na n-iniúcháirí atá san áireamh sna Ráitis Airgeadais.

Is ionann comhdú faisnéise bréagaí le Cláraitheoir na gCuideachtaí agus cion chatagóir 2 faoin alt 406 d'Acht na gCuideachtaí 2014, agus is cion atá faoi réir ionchúisimh ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach é gníomhú mar iniúcháir nuair nach bhfuiltear cáilithe ina leith sin.

6. Deimhniú/síniú B1/Ráiteas Airgeadais

Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, faoi alt 347(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, nach bhfuil gá a thuilleadh le sínithe i lámhscríbhinn ar na Ráitis Airgeadais arna gcomhdú leis an CRO – ina ionad sin, ní mór go mbeadh ainmneacha CLÓSCRÍOFA na sínitheoirí, agus an dáta sínithe, ar gach ceann de na doiciméid lena gcomhdhéantar na Ráitis Airgeadais arna gcomhdú mar chuid de thuaisceán bliantúil. **Ina dhiaidh sin, ní mór na ráitis airgeadais féin a uaslódáil agus iad a chur ag gabháil le foirm B1 agus í á cur isteach tríd an nGréasán.**

Faoi alt 347, ní mór go gcomhlíonfadh cóip de dhoiciméad na coinníollacha seo a leanas:

- tá sí ina cóip dhílis den doiciméad bunaidh ach amháin sa mhéid go bhfuil an síniú nó na sínithe agus aon dátaí atá ag gabháil leis nó leo i bhfoirm chlóschríofa seachas i scríbhinn, ar an gcóip, agus
- tá deimhniú ag gabháil léi ar a bhfuil síniú stiúrthóra agus rúnaí i bhfoirm leictreonach nó i scríbhinn, á rá go bhfuil an chóip ina cóip dhílis den doiciméad bunaidh (clúdóidh deimhniú amháin gach ceann de na doiciméid lena mbaianeann).

Na deimhnithe nach mór don stiúrthóir agus an rúnaí a shíniú chun na Ráitis Airgeadais a dheimhniú, tá siad ina gcuid den Fhoirm B1 anois. Nuair a dheimhníonn an stiúrthóir agus an rúnaí an Fhoirm B1, deimhníonn siad na Ráitis Airgeadais freisin.

Ceanglaítear go mbeidh an fhoirm B1 sínithe ag stiúrthóir agus rúnaí den chuideachta, nach mór gur beirt éagsúil iad toisc nach bhféadfaidh duine amháin í a shíniú ag gníomhú dó nó di mar stiúrthóir agus rúnaí araon. Ní mór do chuideachta TEO a bhfuil stiúrthóir amháin aici rúnaí ar leithligh a bheith aici.

Is féidir le Gníomhaire Ríomhchomhdaithe an fhoirm B1 a shíniú agus a chomhdú thar ceann cuideachta. Nuair a shíneoidh an Gníomhaire Ríomhchomhdaithe an B1 thar ceann cuideachta, áfach, ní féidir leis nó léi na Ráitis Airgeadais a dheimhniú. Sa chás sin, ní mór go síneodh stiúrthóir agus rúnaí de chuid na cuideachta deimhniú páipéir ar leithligh maidir leis na Ráitis Airgeadais.

Is féidir an deimhniú sin a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an CRO – www.cro.ie

7. Athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais agus/nó Tuarascáil na Stiúrthóirí

I gcás ina mbeidh cóipeanna de na Ráitis Airgeadais bhunaidh nó de thuarascáil bhunaidh na stiúrthóirí curtha faoi bhráid na cuideachta i gcruinniú ginearálta nó seachadta ar an gCláraitheoir, ba cheart gach athbhreithniú a dhéanamh faoi threoir alt 366 go dtí alt 379, Acht na gCuideachtaí 2014.

Má thagann an chuideachta ar an eolas go bhfuil botún sna Ráitis Airgeadais, ba chóir di an botún a cheartú agus na doiciméid cheartaithe a chomhdú leis an CRO tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis di iad a athbhreithniú.

Úsáidtear an **Fhoirm B1X** agus Ráitis Airgeadais athbhreithnithe á gcomhdú.

Is féidir an t-athbhreithniú a bheith in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas, ag brath ar an gcineál botúin atá á athbhreithniú:

- Nóta Forlíontach; nó,
- Tuarascáil Stiúrthóirí athbhreithnithe; nó,
- Ráitis Airgeadais athbhreithnithe.

Beidh na Ráitis Airgeadais nó an Tuarascáil Stiúrthóirí athbhreithnithe ina Ráitis Airgeadais reachtúla nó ina Tuarascáil Stiúrthóirí leasaithe de chuid na cuideachta don bhliain airgeadais iomchuí ó dháta a gceadaithe nó a ceadaithe ag Stiúrthóirí na cuideachta (alt 373 d'Acht na gCuideachtaí 2014). Coinneofar na Ráitis Airgeadais bhunaidh nó Tuarascáil bhunaidh na Stiúrthóirí ar an gClár (alt 376(6) d'Acht na gCuideachtaí 2014).

Ní mór na hathbhreithnithe ar na Ráitis Airgeadais a shíniú agus dáta a chur leo ar an gcaoi chéanna leis na Ráitis Airgeadais bhunaidh agus ba chóir athbhreithniú trí bhíthin Nóta Forlíontach a shíniú ar an gcaoi chéanna leis an gClár Comhardaithe bunaidh (alt 368 d'Acht na gCuideachtaí 2014).

7.1 Athbhreithniú ar Thuarascáil na Stiúrthóirí trí Nóta Forlíontach

Is féidir nóta forlíontach a úsáid i gcás ina bhfuil athbhreithniú á dhéanamh de bharr easnamh i dtuarascáil na stiúrthóirí nó ceartú uirthi, sa chás NACH ndéanann faisnéis bhreise difear d'fhaisnéis eile a áirítear sa tuarascáil. I ngach cás eile ní mór Tuarascáil Stiúrthóirí athbhreithnithe a chomhdú.

Sa chás ina ndéantar an t-athbhreithniú ar Thuarascáil na Stiúrthóirí trí Nóta Forlíontach, ba chóir go n-áireofaí sa nóta ráiteas ó na Stiúrthóirí in áit fheiceálach:

- go ndéantar athbhreithniú sa nóta ar shlite áirithe ar Thuarascáil bhunaidh na Stiúrthóirí agus go bhfuil sé ina chuid de Thuarascáil bhunaidh na Stiúrthóirí anois.
- go bhfuil an t-athbhreithniú ar Thuarascáil na Stiúrthóirí amhail dháta Thuarascáil bhunaidh na Stiúrthóirí agus nach ndéileáiltear ann le himeachtaí ón dáta sin i leith.

7.2 Athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais trí Nóta Forlíontach

Is féidir Nóta Forlíontach a úsáid i gcás ina bhfuil athbhreithniú á dhéanamh de bharr easnamh i nóta leis na Ráitis Airgeadais nó de bharr ceartúcháin ar nóta leis na Ráitis Airgeadais agus NACH ndéantar difear do na méideanna sna ráitis agus don chur i láthair iontu arna gceangal faoin gcreat tuairiscithe airgeadais. I ngach cás eile ní mór Ráitis Airgeadais athbhreithnithe a chomhdú.

Sa chás ina ndéantar an t-athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais trí Nóta Forlíontach, ba chóir go n-áireofaí sa nóta ráiteas ó na Stiúrthóirí in áit fheiceálach:

- go ndéantar athbhreithniú sa nóta ar shlite áirithe ar na Ráitis Airgeadais reachtúla bhunaidh agus go bhfuil sé ina chuid de na Ráitis Airgeadais sin anois
- go bhfuil an t-athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais amhail dháta na Ráiteas Airgeadais bunaidh agus nach ndéileáiltear iontu le himeachtaí ón dáta sin i leith.

7.3 Athbhreithniú ar Thuarascáil na Stiúrthóirí le ceann ionaid

An cás ina gcuirtear Athbhreithniú in ionad Thuarascáil na Stiúrthóirí

Ní mór go n-áireofaí i dTuarascáil athbhreithnithe na Stiúrthóirí ráiteas ó na Stiúrthóirí in áit fheiceálach ina luafar:

- go bhfuil Tuarascáil athbhreithnithe na Stiúrthóirí á cur in ionad Tuarascáil bhunaidh na Stiúrthóirí.
- go bhfuil an t-athbhreithniú ar Thuarascáil na Stiúrthóirí amhail dháta na tuarascála bunaidh agus nach ndéileáiltear ann le himeachtaí ón dáta sin i leith, agus
- na slite nach bhféadfadh Tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014 a chomhlíonadh.
- aon leasuithe suntasacha a bhfuil tábhacht ag baint leo de bharr na gceartúchán.

Tuarascáil na nIníochóirí Reachtúla ar Thuarascáil athbhreithnithe na Stiúrthóirí

Sa chás ina ndearnadh iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais bhunaidh agus nach ndearnadh ach

Tuarascáil na Stiúrthóirí a athbhreithniú, ullmhóidh an t-iniúcháir tuarascáil (alt 372 d'Acht na gCuideachtaí 2014). Tabharfar sa tuarascáil sin tuairim an Iniúcháora faoi cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar sa tuarascáil athbhreithnithe ag teacht leis na Ráitis Airgeadais reachtúla bhunaidh.

7.4 Athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais le cinn ionaid

I gcás ina gcuirtear an tAthbhreithniú in ionad na Ráiteas Airgeadais, ní mór go sonrúfaí an méid seo a leanas in áit fheiceálach i Ráiteas na Stiúrthóirí ar na Ráitis Airgeadais athbhreithnithe:

- Go bhfuil Ráitis Airgeadais nua curtha in ionad na Ráiteas Airgeadais bunaidh don bhliain sin.
- Gurb iad na Ráitis Airgeadais athbhreithnithe na Ráitis Airgeadais reachtúla don bhliain sin anois.
- Go bhfuil na Ráitis Airgeadais athbhreithnithe ullmhaithe amhail dháta na Ráiteas Airgeadais bunaidh agus nach ndéileáiltear iontu le himeachtaí ón dáta sin i leith.
- Conas nár chomhlíon na Ráitis Airgeadais bhunaidh ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014.
- Aon leasuithe suntasacha a rinneadh mar thoradh ar na lochtanna sin a cheartú.

7.5 Tuarascáil na nIniúcháirí Reachtúla ar na Ráitis Airgeadais athbhreithnithe agus an tuarascáil athbhreithnithe (alt 370 d'Acht na gCuideachtaí 2014)

Sa chás ina ndearnadh iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais bhunaidh nó go bhfágann an t-athbhreithniú go gcaillfeadh an díolúine ó iniúchadh, ullmhóidh an t-iniúcháir Tuarascáil Iniúcháirí athbhreithnithe (alt 391, Acht na gCuideachtaí 2014), agus tuarascáil faoi alt 370, Acht na gCuideachtaí 2014 ina dtabharfar tuairim faoin méid seo a leanas:

- Cibé an bhfuil nó nach bhfuil na Ráitis Airgeadais athbhreithnithe ullmhaithe go cuí
- Cibé an dtugtar nó nach dtugtar léargas fíorcheart ar chúrsaí mar a bhí ar dháta na Ráitis Airgeadais bhunaidh
- I dtuairim na n-iniúcháirí reachtúla, cibé ar mhainnigh nó nár mhainnigh na Ráitis Airgeadais bhunaidh ceanglais an Achta a chomhlíonadh maidir le Ráiteas na Stiúrthóirí a cheanglaítear le halt 368(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014
- Cibé an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis arna tabhairt i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na Ráitis Airgeadais athbhreithnithe.

Má bhí díolúine ó iniúchadh ann i leith Ráitis Airgeadais bhunaidh na cuideachta agus nach ndéanann an t-athbhreithniú difear dó sin, níl aon ghá le tuarascáil iniúcháirí.

7.6 Cailliúint Díolúine ó Iniúchadh mar thoradh ar athbhreithniú

I gcás ina bhfágann na hathbhreithnithe nach bhfuil cuideachta a d'éiligh díolúine ó iniúchadh incháilithe le haghaidh díolúine ó iniúchadh, ní mór tuarascáil iniúcháirí a chomhdú laistigh de 2 mhí ón athbhreithniú.

7.7 An Chéad Bhliain Eile – ní mór go ndéanfaí tagairt don athbhreithniú sna chéad Ráitis Airgeadais eile a chomhdófar

Sa chás ina ndéantar athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais reachtúla maidir le bliain ar bith, ní mór, sna chéad Ráitis Airgeadais reachtúla eile arna n-ullmhú tar éis dháta an athbhreithnithe, a lua gurb amhlaidh go ndearnadh an t-athbhreithniú agus sonraí a chur ar fáil faoin athbhreithniú agus faoi chúis an athbhreithnithe.

8. Grúpchuideachtaí

Tá sé de dhualgas ar chuideachta shealbhaíochta a cuid Ráiteas Airgeadais féin agus Ráitis Airgeadais Ghrúpa chomhdhlúithe a chomhdú mura bhfuil sí díolmhaithe ó sin a dhéanamh

8.1 Díolúine ó chomhdhlúthú: méid an ghrúpa (alt 293, Acht na gCuideachtaí 2014 arna leasú le halt 19 Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017)

Is féidir le cuideachta shealbhaíochta a bheith díolmhaithe ó Ráitis Airgeadais ghrúpa chomhdhlúite a chomhdú má chomhlíonann sí 2 cheann de na coinníollacha seo a leanas (faoi alt 280B nó 280E Acht na gCuideachtaí arna leasú).

1. Ní sháraíonn iomlán an chláir comhardaithe, i ndáil leis an gcuideachta shealbhaíochta agus na fochuideachtaí ina n-iomláine, €6 milliún glán (nó €7.2 milliún comhlan).
2. Ní sháraíonn láimhdeachas na cuideachta sealbhaíochta agus na bhfochuideachtaí ina n-iomláine €12 milliún glán (nó €14.4 milliún comhlán)
3. Ní sháraíonn meánlíon na ndaoine atá fostaithe ag an gcuideachta shealbhaíochta agus ag a fochuideachtaí 50 duine (mar atá sainithe in alt 317 d'Acht na gCuideachtaí 2014)

8.2 Díolúine ó chomhdhlúthú: cuideachta shealbhaíochta is foghnóthas de ghnóthas atá cláraithe sa LEE (alt 299, Acht na gCuideachtaí 2014)

Cuideachta shealbhaíochta níos ísle is fochuideachta í, is féidir go mbeidh sí díolmhaithe ón gceanglas Ráitis Airgeadais Ghrúpa a ullmhú más rud é:

- go bhfuil an chuideachta shealbhaíochta níos ísle ina fochuideachta faoi lánúinéireacht ag an ngnóthas sealbhaíochta de chuid LEE, nó
- go sealbhaíonn an gnóthas sealbhaíochta de chuid LEE níos mó ná 50% de na scaireanna sa chuideachta shealbhaíochta níos ísle ach nach mó ná 90% de na scaireanna agus nár seirbheáladh fógra ar an gCuideachta shealbhaíochta níos ísle ag iarraidh go réiteofaí Ráitis Airgeadais ghrúpa, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais, ag scairshealbhóirí a shealbhaíonn, ar bhonn comhiomlán:
 - níos mó ná leath na scaireanna atá fágtha sa chuideachta shealbhaíochta níos ísle;
 - 5 faoin gcéad nó níos mó de na scaireanna iomlána sa chuideachta shealbhaíochta níos ísle (féach alt 299(2)(b), Acht na gCuideachtaí 2014).
- Ní mór an chuideachta shealbhaíochta níos ísle a bheith san áireamh sna Ráitis Airgeadais chomhdhlúite don Ghrúpa níos mó arna n-ullmhú cothrom leis an dáta céanna nó dáta níos luaithe sa bhliain airgeadais chéanna, ag gnóthas sealbhaíochta atá bunaithe faoi dhlíthe stáit de chuid LEE,
- Ní mór na Ráitis Airgeadais a bheith ullmhaithe de réir an Seachtú Treoir arna modhnú le Treoir 86/635/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/647/CEE ón gComhairle faoi seach nó iad a bheith ullmhaithe de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS).
- Nochtann an chuideachta shealbhaíochta níos ísle i Ráitis Airgeadais an aonáin go bhfuil sí díolmhaithe ón oibleagáid Ráitis Airgeadais Ghrúpa a ullmhú agus a sheachadadh agus sonraíonn sí ainm an ghnóthais sealbhaíochta níos airde, an tír ina bhfuil sé corpraithe, agus, mura bhfuil an gnóthas sealbhaíochta corpraithe, a phríomh-áit ghnó;
- Seachadann an chuideachta shealbhaíochta níos ísle, in am, ar Chláraitheoir na gCuideachtaí cóipeanna de chuntais chomhdhlúite an ghnóthais sealbhaíochta níos airde, a thuarascáil bhliantúil agus tuarascáil na n-íniúcháirí ina leith.

(Féach alt 300b d'Acht na gCuideachtaí 2014, maidir le díolúine ó chomhdhlúthú: cuideachta shealbhaíochta is foghnóthas de ghnóthas atá cláraithe lasmuigh den LEE).

Díolúine d'Fhochuideachta óna cuid Ráiteas Airgeadais féin a chur i gceangal lena tuairisceán bliantúil (alt 357, Acht na gCuideachtaí 2014) (díolúine faoi Alt 17 mar a bhíodh):

Cuideachta is foghnóthas de ghnóthas sealbhaíochta atá bunaithe faoi dhlíthe stát de chuid LEE, beidh sí díolmhaithe, maidir le haon bhliain airgeadais ar leith, ón gceanglas a cuid Ráiteas Airgeadais féin a chur i gceangal lena tuairisceán bliantúil agus féadfaidh sí Ráitis Airgeadais Ghrúpa a chur i gceangal leo ina n-ionad sin ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

- Gach duine is scairshealbhóir de chuid na cuideachta ag an gcruinniú ginearálta bliantúil díreach tar éis dheireadh na bliana airgeadais, dearbhóidh sé nó sí go dtoilíonn sé nó sí leis an díolúine.
- Cuirfear fógra i scríbhinn chuig gach scairshealbhóir.
- Tá ráthaíocht neamh-inchúlghairthe ag an ngnóthas sealbhaíochta i leith na ndlíteanas go léir don bhliain airgeadais
- Tá na Ráitis Airgeadais reachtúla don bhliain airgeadais comhdhlúite isteach sna Ráitis Airgeadais chomhdhlúite atá ullmhaithe ag an gcuideachta shealbhaíochta atá bunaithe sa LEE.
- Tá díolúine na fochuideachta nochtá i nóta leis na Ráitis Airgeadais chomhdhlúite.
- Airítear leis an tuairisceán bliantúil fógra á rá go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as an díolúine in alt 357 d'Acht na gCuideachtaí 2014, cóip den ráthaíocht, an fógra do na scairshealbhóirí, agus dearbhú gur thoiligh na scairshealbhóirí leis an ráthaíocht.
- Cóip de Ráitis Airgeadais chomhdhlúite na cuideachta sealbhaíochta le tuarascáil iniúcháirí (ullmhaítear na Ráitis Airgeadais chomhdhlúite de réir an Seachtú Treoir arna modhnú le 86/635/CEE) agus iad iniúchta i gcomhréir le hAirteagal 37 den Seachtú Treoir ón gComhairle.

8.3 Díolúine ó Iniúchadh do Ghrúpchuideachta Bheag (alt 359, Acht na gCuideachtaí 2014)

Baineann Díolúine ó Iniúchadh le haon ghrúpchuideachta má cháilíonn an grúpa ina iomláine mar Ghrúpa Beag. Ní mór go gcomhlíonfadh an grúpa ar fad agus a chuid foghnóthas go léir, ina n-iomláine, dhá cheann de na 3 choinníoll seo a leanas d'fhonn Díolúine ó Iniúchadh i leith Grúpchuideachta a éileamh:

1. Ní sháraíonn iomlán an chláir comhardaithe, i ndáil leis an gcuideachta shealbhaíochta agus na fochuideachtaí ina n-iomláine, €6 milliún glán (nó €7.2 milliún comhlan).

2. Ní sháraíonn láimhdeachas na cuideachta sealbhaíochta agus na bhfochuideachtaí ina n-iomláine €12 milliún glan (nó €14.4 milliún comhlán)

3. Ní sháraíonn meánlíon na ndaoine atá fostaithe ag an gcuideachta shealbhaíochta agus ag a fochuideachtaí 50 duine (mar atá sainithe in alt 317 d'Acht na gCuideachtaí 2014)

Ní mór na coinníollacha thuas a chomhlíonadh sa bhliain atá i gceist (ní mór na coinníollacha a chomhlíonadh freisin sa bhliain roimhe sin murab amhlaidh gurb í an chéad bhliain airgeadais atá i gceist i gcás na cuideachta sealbhaíochta) (alt 280B d'Acht na gCuideachtaí 2014).

Ní mór tuairisceán bliantúil na cuideachta, a bhfuil Ráitis Airgeadais ceangailte leis, a chomhdú i gceart agus in am don bhliain atá i gceist agus don bhliain roimhe sin (alt 364 d'Acht na gCuideachtaí 2014).

Níl díolúine ó iniúchadh ar fáil sa chás ina mbeidh cuideachta shealbhaíochta nó foghnóthas laistigh de chatagóir áirithe (alt 362 d'Acht na gCuideachtaí 2014)

NÍL cuideachta shealbhaíochta agus na comhaltaí eile de Ghrúpa i dteideal na díolúine ó iniúchadh i leith Grúpa Beag má tá an chuideachta ina cuideachta a thagann faoi réim aon fhoráil de Sceideal 5 (féach **Aguisín 5**), seachas cuideachta dá dtagraítear i mír 5 nó mír 16 de Sceideal 5 nó cuideachta urrúsaithe (alt 362(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014).

Is Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe a bheidh i bhformhór na gcuideachtaí i mír 5 agus mír 16 de Sceideal 5 agus, ós rud é go bhfágann alt 994 d'Acht na gCuideachtaí 2014 nach bhfuil feidhm ag Cuid 6 d'Acht na gCuideachtaí 2014 i gcás gach Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe ar forais chreidmheasa nó gnóthais árachais iad, níl siad i dteideal díolúine ó iniúchadh a éileamh faoi Chuid 6.

Cad is cuideachta urrúsaithe ann?

Is ionann cuideachta urrúsaithe agus cuideachta atá incháilithe chuige sin de réir bhrí alt 110 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó mar Chorporáid um Shásra Airgeadais. Más roimh an 1 Eanáir 2005, féach Airteagal 1(1) de Rialachán (CE) uimh. 24/2009 de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh. Más tar éis an 1 Eanáir 2005, féach Airteagal 1(1) de Rialachán (CE) uimh. 1075/2013 de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

8.4 An cás ina seirbheálfar fógra faoi alt 334 maidir le Grúpa Beag

- Má iarrann duine amháin nó níos mó de scairshealbhóirí na cuideachta, a bhfuil méid nach

lú ná 10% de na cearta vótála acu (comhalta amháin i gcás cuideachta ráthaíochta (CTR)), nach mbainfidh an chuideachta leas as an díolúine agus má dhéanann sé nó sí nó siad fógra a sheirbheáil i scríbhinn chuige sin ar an gcuideachta sa bhliain airgeadais díreach roimh an mbliain airgeadais lena mbaineann nó le linn na bliana airgeadais lena mbaineann ach tráth nach déanaí ná mí amháin roimh dheireadh na bliana sin, ní mór go ndéanfaí iniúchadh ar an gcuideachta. (Alt 334 d'Acht na gCuideachtaí 2014)

- Má dhéantar an fógra a sheirbheáil ar an gCuideachta Shealbhaíochta, ní féidir leis an nGrúpa leas a bhaint as díolúine ó iniúchadh.
- Má dhéantar an fógra a sheirbheáil ar fhochuideachta, ní féidir leis an bhfochuideachta leas a bhaint as díolúine ó iniúchadh.

8.5 Ráiteas um Dhíolúine ó Iniúchadh i leith Grúpchuideachta

Nuair a bhítear ag baint leasa as an díolúine, ní mór do stiúrthóirí na cuideachta na ráitis seo a leanas a áireamh ar chlár comhardaithe na cuideachta – luaitear alt 358 d'Acht na gCuideachtaí 2014 i gcás seachas grúpa, alt 359 d'Acht na gCuideachtaí 2014 i gcás Grúpa:

Sonraíonn muidne, stiúrthóirí (ainm na cuideachta) –

(a) “go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as an díolúine dá bhforáiltear le Caibidil 15 de Chuid 6 d'Acht na gCuideachtaí 2014” (ní mór na focail shonracha sin a úsáid),

(b) go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as an díolúine ar na forais go gcomhlíonann sí na coinníollacha a shonraítear in alt 359,

(c) “ní dhearnadh aon fhógra faoi fho-alt (1) d'alt 334, de réir fho-alt (2) den alt sin, a sheirbheáil ar an gcuideachta” (agóid chomhaltaí), agus

(d) go n-admhaíonn na stiúrthóirí oibleagáidí na cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí 2014, chun –
(i) taifid chuntais chuí a choimeád agus Ráitis Airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ar shócmhainní, dlíteanais agus stáid airgeadais na cuideachta ag deireadh a bliana airgeadais agus ar a sochar nó a dochar don bhliain sin, agus
(ii) chun na forálacha d'Acht na gCuideachtaí 2014 a bhaineann le Ráitis Airgeadais a chomhlíonadh thairis sin a mhéid atá na forálacha sin infheidhmithe maidir leis an gcuideachta.

(e) gur bhraith an chuideachta ar an díolúine a shonraítear in alt 352 d'Acht na gCuideachtaí 2014; go ndearna an chuideachta é sin ar na forais go bhfuil an chuideachta i dteideal tairbhe a bhaint as an díolúine mar chuideachta bheag agus go bhfuil na Ráitis Airgeadais ghiorraithe ullmhaithe go cuí de réir alt 353 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Thar ceann an bhoird:

Ainm CLÓSCRÍOFA an tSínitheora:

Stiúrthóir

Dáta:

Ainm CLÓSCRÍOFA an tSínitheora:

Stiúrthóir

Dáta:

*(*Sa ráiteas thuas, úsáid alt (a) – alt (d) más rud é go bhfuil díolúine ó iniúchadh a héileamh agus cuir alt (e) leis má tá an díolúine i leith cuideachta bheag/giorrú á héileamh. Is féidir le cuideachta bheag ceachtar den dá dhíolúine thuas nó iad araon a éileamh ina cuid Ráiteas Airgeadais má tá sí incháilithe.)*

9. Tuilleadh Ceisteanna

Tá tuilleadh ceisteanna agam faoin díolúine ó iniúchadh nó faoi ullmhú na Ráiteas Airgeadais. Cé atá in ann cabhrú liom?

Molann an CRO duit dul i gcomhairle le do chomhairleoir gairmiúil, go háirithe má tá sé ar intinn agat díolúine ó iniúchadh a éileamh ach nach bhfuil cinnte tú conas dul i mbun na Ráitis Airgeadais a cheanglaítear a sheachadadh le tuairisceán bliantúil na cuideachta a ullmhú. Ba cheart é sin a dhéanamh gan aon mhoill, toisc go bhfuil teorainn leis an am atá leagtha síos chun Ráitis Airgeadais na cuideachta a ullmhú. Tabhair faoi deara an dáta faoinar gá an tuairisceán bliantúil a sheachadadh ar an CRO faoin dlí, agus an ceanglas nach féidir leis na Ráitis Airgeadais a ghabhann leis a bheith níos mó ná naoi mí roimh an dáta a mbeidh an tuairisceán bliantúil ullmhaithe cothrom leis.

**AGUISÍN 1 – CUIDEACHTA BHEAG A BHFUIL DÍOLÚINE Ó INIÚCHADH AICI –
RÁITIS AIRGEADAIS GHIORRAITHE SHAMPLACHA i gCÁS AONÁIN FAOI ACHT NA
gCUIDEACHTAÍ 2014**

(Cás seachas Grúpa)

[Cuir isteach Ainm na Cuideachta]
[Cuir isteach Uimhir na Cuideachta]
Ráitis Airgeadais Neamhiniúchta
[Cuir isteach an dáta deiridh bliana airgeadais]

Clár	Lth
Ainmneacha na Stiúrthóirí agus faisnéis eile	[]
Clár Comhardaithe	[]
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	[]

Ainmneacha na Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

Uimhir Chláraithe na Cuideachta:

Foirm dhlithiúil na cuideachta:

Áit chlárúcháin na cuideachta:

Stiúrthóirí:

Oifig Chláraithe:

Rúnaí:

Iniúcháir:

Baincéirí:

Aturnaetha:

ABC Teo
CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN [cuir isteach dáta dheireadh na bliana]

	An Bhliain Reatha 20__	An Bhliain Roimhe 20__
SÓCMHAINNÍ DOCHTA		
<u>Sócmhainní doláimhsithe</u>		
Costais forbraíochta	XXXX	XXXX
Lamháltais, paitinní, ceadúnais, trádmharcanna agus cearta agus sócmhainní dá samhail (1)	XXXX	XXXX
Cáilmheas (2)	XXXX	XXXX
Íocaíochtaí ar cuntas	XXXX	XXXX
<u>Sócmhainní inláimhsithe</u>		
Maoin infheistíochta	XXXX	XXXX
Talamh agus foirgnimh	XXXX	XXXX
Gléasra agus innealra	XXXX	XXXX
Daingneáin, feistis, uirlisí agus trealamh	XXXX	XXXX
Íocaíochtaí ar cuntas agus sócmhainní atá á bhfoirgníú	XXXX	XXXX
<u>Sócmhainní airgeadais</u>		
Scaireanna i ngrúpghnóthais	XXXX	XXXX
Iasachtaí le grúpghnóthais	XXXX	XXXX
Leasanna rannpháirteachais	XXXX	XXXX
Iasachtaí le gnóthais ina bhfuil baint ag an cuideachta leo de bhua leasanna rannpháirteachais	XXXX	XXXX
Infheistíochtaí eile seachas iasachtaí	XXXX	XXXX
Iasachtaí eile		
SÓCMHAINNÍ REATHA		
<u>Stoic</u>		
Bunábhair agus earraí inchaite	XXXX	XXXX
Obair ar láimh	XXXX	XXXX
Earraí críochnaithe agus earraí le hathdhíol	XXXX	XXXX
Íocaíochtaí ar cuntas	XXXX	XXXX
<u>Féichiúnaithe (3)</u>		
Féichiúnaithe trádála	XXXX	XXXX
Méideanna atá dlite de ghrúpghnóthais	XXXX	XXXX
Méideanna atá dlite de ghnóthais a bhfuil baint ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirteachais	XXXX	XXXX
Féichiúnaithe eile	XXXX	XXXX
Scairchaipiteal glaoite nach bhfuil íochta	XXXX	XXXX
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	XXXX	XXXX
<u>Infheistíochtaí</u>		
Scaireanna i ngrúpghnóthais	XXXX	XXXX
Infheistíochtaí eile	XXXX	XXXX
<u>Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh</u>		
	XXXX	XXXX

CREIDIÚNAITHE: MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

Iasachtaí bintiúir (4)	XXXX	XXXX
Suimeanna atá dlite d'institiúidí creidmheasa	XXXX	XXXX
Scairchaipiteal glaoite curtha i láthair mar dhliteanas (6)	XXXX	XXXX
Íocaíochtaí a fuarthas ar cuntas (5)	XXXX	XXXX
Creidiúnaithe trádála	XXXX	XXXX
Billí malairte is iníoctha	XXXX	XXXX
Méideanna atá dlite do ghrúpghnóthais	XXXX	XXXX
Méideanna atá dlite do ghnóthais abhfuil baint ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirteachais	XXXX	XXXX
Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus árachas sóisialach (6)	XXXX	XXXX
Méideanna faibhrithe (7)	XXXX	XXXX
Ioncam iarchurtha (7)	XXXX	XXXX

GLANSÓCMHAINNÍ REATHA (DLITEANAIS)

XXXX XXXX

SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA

XXXX XXXX

CREIDIÚNAITHE: MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE TAR ÉIS BLIAIN AMHÁIN AR A LAGHAD

Iasachtaí bintiúir (4)	XXXX	XXXX
Iasachtaí bainc agus rótharraingtí bainc	XXXX	XXXX
Scairchaipiteal glaoite curtha i láthair mar dhliteanas (6)	XXXX	XXXX
Íocaíochtaí a fuarthas ar cuntas (5)	XXXX	XXXX
Creidiúnaithe trádála	XXXX	XXXX
Billí malairte is iníoctha	XXXX	XXXX
Méideanna atá dlite do ghrúpghnóthais	XXXX	XXXX
Méideanna atá dlite do ghnóthais a bhfuil baint ag an gcuideachta leo de bhua leasanna rannpháirteachais	XXXX	XXXX
Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus árachas sóisialach	XXXX	XXXX
Méideanna faibhrithe	XXXX	XXXX
Ioncam iarchurtha	XXXX	XXXX

SOLÁTHAIRTÍ LE HAGHAIDH DLITEANAS

Oibleagáidí um shochar scoir	XXXX	XXXX
Cánachas, lena n-áirítear cánachas iarchurtha	XXXX	XXXX
Soláthairtí eile le haghaidh dliteanas	XXXX	XXXX

CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ

Scairchaipiteal glaoite curtha i láthair mar chothromas (6)	XXXX	XXXX
Cuntas scairphréimhe	XXXX	XXXX
Cúlchiste athluachála	XXXX	XXXX
Cúlchistí eile:	XXXX	XXXX
Caipiteal neamhainmnithe eile	XXXX	XXXX
Cúlchiste le haghaidh scaireanna dá cuid féin i seilbh	XXXX	XXXX
Cúlchistí dá bhforáiltear leis an mbunreacht	XXXX	XXXX
Cúlchistí eile (sonraithe mar is gá)	XXXX	XXXX

Brabús nó an cailteanas tugtha ar aghaidh (8)	XXXX	XXXX
Brabús nó cailteanas don bhliain airgeadais (8)	XXXX	XXXX

Sonraíonn muidne, stiúrtóirí ABC Teo:

(a) go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as an díolúine dá bhforáiltear le Caibidil 15 de Chuid 6 d'Acht na gCuideachtaí 2014"

(b) go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as an díolúine ar na forais go gcomhlíonann sí na coinníollacha a shonraítear in alt 358

(c) nár sheirbheáil scairshealbhóirí na cuideachta fógra ar an gcuideachta faoi alt 334(1) de réir alt 334(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014

(d) go n-admhaímid oibleagáidí na cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí 2014, chun taifid chuntais chuí a choimeád agus Ráitis Airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorchearr ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais na cuideachta ag deireadh a bliana airgeadais agus ar a sochar nó a dochar don bhliain sin agus chun na forálacha d'Acht na gCuideachtaí 2014 a bhaineann le Ráitis Airgeadais a chomhlíonadh thairis sin a mhéid atá na forálacha sin infheidhmithe maidir leis an gcuideachta

(e) gur bhraith an chuideachta ar an díolúine a shonraítear in alt 352; go ndearna an chuideachta é sin ar an bhforas go bhfuil an chuideachta i dteideal tairbhe a bhaint as an díolúine mar chuideachta bheag agus deimhnímid nó deimhnímid go bhfuil na Ráitis Airgeadais ghiorraithe ullmhaithe go cuí de réir alt 353.

Thar ceann an bhoird

Ainm Clóscríofa an tSínitheora:
Stiúrtóir
Dáta

Ainm Clóscríofa an tSínitheora:
Stiúrtóir
Dáta

NÓTAÍ MÍNITHEACHA AR INNEACHAR AN CHLÁIR COMHARDAITHE

(Tá na nótaí seo ceaptha chun cabhrú leat leis an gClár Comhardaithe agus níor cheart iad a chur san áireamh mar chuid de na Ráitis Airgeadais)

(1) Lamháltais, paitinní, ceadúnais, trádmarcanna agus cearta agus sócmhainní dá samhail Ní dhéanfar méideanna i leith sócmhainní a áireamh i gclár comhardaithe cuideachta faoin ítim seo ach amháin sa chás—

(a) go bhfuarthas na sócmhainní ar chomaoin luachmhar agus nach gceanglaítear iad a thaispeáint faoi cháilmheas, nó

(b) gurb í an chuideachta féin a chruthaigh na sócmhainní atá i gceist.

(2) Cáilmheas: Ní áireofar méideanna in ionannas cáilmheasa ach amháin sa mhéid gur ar chomaoin luachmhar a fuarthas an cáilmheas.

(3) Féichiúnaithe: Déanfar an méid a bheidh dlite tar éis bliain amháin ar a laghad a thaispeáint ar leithligh maidir le gach ítim a áirítear faoi fhéichiúnaithe.

(4) Iasachtaí bintiúir: Taispeánfar ar leithligh méid aon iasachtaí inchomhshóite agus beidh na téarmaí agus na coinníollacha faoina mbeidh na hiasachtaí inchomhshóite ina scairchaipiteal nochtta sna nótaí leis na Ráitis Airgeadais.

(5) Íocaíochtaí a fuarthas ar cuntas: Déanfar íocaíochtaí a fuarthas ar cuntas orduithe a thaispeáint maidir le gach ceann de na hítimí seo sa mhéid nach dtaispeántar iad mar asbhaintí ó stoic.

(6) Scairchaipiteal glaoite: I gcomhréir leis an bprionsabal cuntasaoíochta atá leagtha amach i mír 17, ní mór scairchaipiteal glaoite a anailísiú idir scaireanna atá curtha i láthair mar dhlíteanais agus iad sin atá curtha i láthair mar scairchaipiteal.

(7) Creidiúnaithe: Maidir le suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin agus tar éis bliain amháin, léireofar iad ar leithligh do gach ceann de na míreanna lena mbaineann. Léireofar comhiomlán na suimeanna sin ar leithligh do gach ceann de na míreanna lena mbaineann.

(8) Cuntas brabúis agus cailteanais: Féadfar na míreanna lena mbaineann a chomhcheangal i gcás go bhfuil leithreasú an bhrabúis a gceanglaítear le mír 48 é tugtha ag bun an chuntais bhrabúis agus chaillteanais nó i nóta leis an ráiteas airgeadais.

Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais Ghiorroithe Shamplacha i gCás Aonáin Faoi Acht na gCuideachtaí

(Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh sna Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don chuideachta, ní mór an fhaisnéis seo a chur in oiriúint d'fhaisnéis na cuideachta, tá níos mó faisnéise ar na nótaí a bhfuil gá leo ar fáil in Aguisín 4)

- Luach saothair aon stiúrtóra i rith na bliana airgeadais don bhliain airgeadais reatha agus don bhliain roimhe araon. Tá micreachuideachtaí díolmhaithe ó cheanglais.
- Faoi théarmaí alt 325 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, arna leasú le halt 41 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017, ní cheanglaítear ar mhicreachuideachtaí tuarascáil stiúrtóirí a ullmhú ar an gcoinníoll go ndéanfar an fhaisnéis a cheanglaítear faoi alt 328 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, a áireamh mar nóta nó mar fhonóta leis an gclár comhardaithe. (alt 328 - ceannach nó diúscairt a gcuid scaireanna).
- Faisnéis maidir le sochair stiúrtóirí – iasachtaí, quasi-iasachtaí, idirbhearta creidmheasa agus ráthaíochtaí don bhliain airgeadais reatha agus don bhliain roimhe. (Má tá an comhiomlán faoi bhun €7,500, ní cheanglaítear an fhaisnéis a nochtadh). Aon chomhshocruithe agus idirbhearta eile ina bhfuil leas ábhartha ag na stiúrtóirí agus/nó oifigigh eile de chuid na cuideachta.
- Ní mór don chuideachta a nochtadh céard é an meánlíon daoine a bhí i bhfostaíocht na cuideachta sa bhliain airgeadais agus an meánlíon daoine a bhí i bhfostaíocht laistigh de gach earnáil daoine i bhfostaíocht na cuideachta le linn na bliana sin. Cuirfidh an chuideachta faisnéis ar fáil chomh maith faoi na nithe seo a leanas:
 1. méideanna comhiomlána an phá agus na dtuarastal a íocadh nó is iníoctha leis na daoine sin maidir leis an mbliain sin;
 2. méideanna comhiomlána na gcostas árachais shóisialaigh a thabhaigh an chuideachta thar a gceann;
 3. costas sochair scoir eile a tabhaíodh, agus,
 4. costais chúiteamh eile (le sonrú de réir cineáil) a thabhaigh an chuideachta i leith na ndaoine sin sa bhliain airgeadais.
- Sonraí um scairchaipiteal údaraithe, scairchaipiteal leithroinnte/eisithe agus gluaiseachtaí i leith na scaireanna sin.
- Faisnéis maidir le méid comhiomlán an chúinimh airgeadais ón gcuideachta i ndáil le ceannach scaireanna dá cuid féin.
- Nochtfaidh cuideachta i Ráitis Airgeadais an aonáin agus i Ráitis Airgeadais an ghrúpa na beartais chuntasaíochta arna nglacadh aici maidir le cinneadh na míreanna agus na méideanna a áireofar ina clár comhardaithe nó, de réir mar a bheidh, ina clár comhardaithe comhdhlúite agus ina cuntas sochair agus dochair nó ina cuntas comhdhlúite sochair agus dochair.
- Má tá ionstraimí díorthaíochta airgeadais ag an gcuideachta nár tugadh cuntas orthu ar luach cóir, luafar, maidir le gach aicme, luach cóir na ndíorthach san aicme sin agus méid agus cineál an díorthaigh
- I gcás—
 - ina bhfuil sócmhainní airgeadais ag cuideachta a d'fhéadfaí a chur san áireamh ag luach cóir de bhua mhír 38;
 - ina bhfuil na sócmhainní sin san áireamh i Ráitis Airgeadais na cuideachta ag méid níos mó ná a luach cóir; agus
 - nach ndearna an chuideachta soláthar do laghdú ar luach na sócmhainní sin de réir mhír 22(1), luafar –
 - an méid ag a bhfuil na sócmhainní aonair nó grúpaí cuí de na sócmhainní sin luaite i Ráitis Airgeadais na cuideachta;
 - luach cóir na sócmhainní nó na ngrúpaí sin; agus
 - na cúiseanna nach ndearnadh foráil do laghdú ar luach na sócmhainní sin, lena n-áirítear cineál na fianaise lena soláthraítear an bonn lena chreidiúint go ndéanfar an méid ag a bhfuil siad luaite sna Ráitis Airgeadais a aisghabháil.
- Déanfar méid aon fhoráil do chánachas iarchurtha a thaispeáint ar leithligh ó mhéid aon tsoláthair do chánachas eile.
- I gcás aon suimeanna a ainmníodh i dtosach in airgeadraí coigríche a bheith curtha i gcuntas faoi aon ítimí a thaispeántar sa chlár comhardaithe nó sa chuntas sochair agus dochair, luafar an bonn ar ar aistríodh na suimeanna sin ina euro, nó, murab ionann é, airgeadra feidhmeach na cuideachta.

**AGUISÍN 2 – MICREACHUIDEACHTA A BHFUIL DÍOLÚINE Ó INIÚCHADH AICI –
RÁITIS AIRGEADAIS GHIORRAITHE SHAMPLACHA i gCÁS AONÁIN FAOI ACHT NA
gCUIDEACHTAÍ 2014**

(Cás seachas Grúpa)

[Cuir isteach Ainm na Cuideachta]
[Cuir isteach Uimhir na Cuideachta]
Ráitis Airgeadais Neamhiniúchta
[Cuir isteach an dáta deiridh bliana airgeadais]

Clár	Lth
Ainmneacha na Stiúrthóirí agus faisnéis eile	[]
Clár Comhardaithe	[]
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	[]

Ainmneacha na Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

Uimhir Chláraithe na Cuideachta:
Foirm dhlíthiúil na cuideachta:
Áit chlárúcháin na cuideachta:
Stiúrthóirí:
Oifig Chláraithe:
Rúnaí:
Iniúcháir:
Baincéirí:
Aturnaetha:

Formáid 1

ABC Teo

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN [cuir isteach dáta dheireadh na bliana]

	An Bhliain Reatha	An Bhliain Roimhe
	20__	20__
Scairchaipiteal glaoite nach bhfuil íoctha	xxxx	xxxx
Sócmhainní Dochta	xxxx	xxxx
Sócmhainní Reatha	xxxx	xxxx
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	xxxx	xxxx
Creidiúnaithe: Méideanna A Bheidh Dlite Laistigh De Bhliain Amháin	xxxx	xxxx
Glansócmhainní Reatha (Dliteanas)	xxxx	xxxx
Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanas Reatha	xxxx	xxxx
Creidiúnaithe: Méideanna A Bheidh Dlite Tar Éis Bliain Amháin Ar A Laghad	xxxx	xxxx
Soláthairtí Le hAghaidh Dliteanas	xxxx	xxxx
Méideanna faibhríthe agus Ioncam iarchurtha	xxxx	xxxx
Caipiteal Agus Cúlchistí	xxxx	xxxx

Formáid 2

ABC Teo

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN [cuir isteach dáta dheireadh na bliana]

	An Bhliain Reatha	An Bhliain Roimhe
	20__	20__
SÓCMHAINNÍ		
Scairchaipiteal glaoite nach bhfuil íoctha	xxxx	xxxx
Sócmhainní Dochta	xxxx	xxxx
Sócmhainní Reatha	xxxx	xxxx
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	xxxx	xxxx
CAIPITEAL, CÚLCHISTÍ AGUS DLITEANAS		
Caipiteal Agus Cúlchistí	xxxx	xxxx
Soláthairtí Le hAghaidh Dliteanas	xxxx	xxxx
Creidiúnaithe (1)	xxxx	xxxx
Méideanna faibhríthe agus Ioncam iarchurtha	xxxx	xxxx

(Tá micreachuideachtaí díolmhaithe ó thuarascáil stiúthóirí a ullmhú ar an gcoinníoll go ndéanfar an fhaisnéis a cheanglaítear faoi alt 328 (ceannach nó diúscairt a gcuid scaireanna) a áireamh mar nóta nó mar fhonóta leis an gclár comhardaithe).

Sonraíonn mise/muidne, i mo cháil nó inár gcáil mar stiúrthóir nó stiúrthóirí (ainm na cuideachta):

(a) go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as an díolúine dá bhforáiltear le Caibidil 15 de Chuid 6 d'Acht na gCuideachtaí 2014,

(b) go bhfuil an chuideachta ag baint leasa as an díolúine ar na forais go gcomhlíonann sí na coinníollacha a shonraítear in alt 358,

(c) nár sheirbheáil scairshealbhóirí na cuideachta fógra ar an gcuideachta faoi alt 334(1) de réir alt 334(2),

(d) go n-admhaímid oibleagáidí na cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí 2014, chun taifid chuntais chuí a choimeád agus Ráitis Airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorchear ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta ag deireadh a bliana airgeadais agus ar a sochar nó a dochar don bhliain sin agus chun na forálacha d'Acht na gCuideachtaí 2014 a bhaineann le Ráitis Airgeadais a chomhlíonadh thairis sin a mhéid atá na forálacha sin infheidhmithe maidir leis an gcuideachta,

*(e) gur bhraith an chuideachta ar an díolúine a shonraítear in alt 352 d'Acht na gCuideachtaí 2014 mar micreachuideachta; go ndearna an chuideachta é sin ar na forais go bhfuil an chuideachta i dteideal tairbhe a bhaint as an díolúine mar chuideachta bheag agus go bhfuil na Ráitis Airgeadais ghiorraithe ullmhaithe go cuí de réir alt 353 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Thar ceann an bhoird:

Ainm CLÓSCRÍOFA an tSínitheora:

Stiúrthóir

Dáta:

Ainm CLÓSCRÍOFA an tSínitheora:

Stiúrthóir

Dáta:

(*Sa ráiteas thuas, úsáid alt (a) – alt (d) más rud é go bhfuil díolúine ó iniúchadh a héileamh agus cuir alt (e) leis má tá an díolúine i leith cuideachta bheag/giorrú á héileamh. Is féidir le cuideachta bheag ceachtar den dá dhíolúine thuas nó iad araon a éileamh ina cuid Ráiteas Airgeadais má tá sí incháilithe.)

NÓTAÍ MÍNITHEACHA AR INNEACHAR AN CHLÁIR COMHARDAITHE

(Tá na nótaí seo ceaptha chun cabhrú leat leis an gClár Comhardaithe agus níor cheart iad a chur san áireamh mar chuid de na Ráitis Airgeadais)

Creidiúnaithe: Maidir le suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin agus tar éis bliain amháin, léireofar iad ar leithligh.

Nótaí leis na ráitis airgeadais

Leanann micreachuideachtaí Sceideal 3B d'Acht na gCuideachtaí, 2014, arna chur isteach le hAcht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017, i ndáil le Prionsabail Chuntasaíochta agus le Foirm agus Ábhar na ráiteas airgeadais.

Faoi alt 291 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna leasú), cinnteoidh cuideachta go n-áireofar le ráitis airgeadais an eintitis faoin Acht ráiteas maidir le cé acu a ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh iad i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus go sainaitheofar na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin agus go dtabharfar tionchar an imeachta agus na cúiseanna leis an imeacht faoi deara i ráitis airgeadais an eintitis faoin Acht.

Maidir le micreachuideachtaí:

- tá siad díolmhaithe ó cheanglais alt 305 - luach saothair stiúrthóirí a nochtadh.
- tá siad díolmhaithe ó cheanglais 305a - íocaíochtaí le tríú páirtithe i leith seirbhísí stiúrthóirí.
- tá siad díolmhaithe ó cheanglais alt 309 - socrúithe agus idirbhearta eile a bhfuil leas ábhartha ag na stiúrthóirí iontu.
- tá siad díolmhaithe ó cheanglais alt 314 - faisnéis faoi ghnóthais ghaolmhara.
- tá siad díolmhaithe ó cheanglais alt 317 - sonraí foirne a nochtadh.

- tá siad díolmhaithe ó cheanglais alt 318 - sonraí faoi scairchaipiteal údaráithe, scairchaipiteal leithdháilte agus gluaiseachtaí scairchaipitil.
- tá siad díolmhaithe ó cheanglais alt 319 - cúnamh airgeadais le haghaidh scaireanna dá gcuid féin a cheannach.
- níl siad díolmhaithe ó alt 320 - scaireanna dá gcuid féin a shealbhú nó scaireanna a shealbhú i ngnóthas.
- níl siad díolmhaithe ó alt 321 - beartais chuntasaíochta a nochtadh. Déanfaidh cuideachta faisnéis a nochtadh sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais faoi na beartais chuntasaíochta ar bhain sí úsáid astu le linn di na míreanna agus na suimeanna a bhí le háireamh ina clár comhardaithe agus na suimeanna a bhí le háireamh ina cuntas brabúis agus caillteanais a ríomh. I gcás go ndéanann cuideachta athrú ar bheartas cuntasaíochta, nochtfar an chúis leis an athrú sin agus, a mhéid is féidir, an tionchar a bhí ag an athrú sin ar na ráitis airgeadais don bhliain reatha agus do bhlianta roimhe sin.
- tá siad díolmhaithe ó alt 322(2) - luach saothair a nochtadh i leith obair iniúchóireachta, obair a bhaineann leis an iniúchóireacht agus obair nach obair iniúchóireachta í.
- tá siad díolmhaithe ó alt 323 - faisnéis faoi shocruithe nach bhfuil ar áireamh sa chlár comhardaithe.
- níl oibleagáid orthu Tuarascáil Stiúrthóirí a ullmhú faoi alt 325 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, arna leasú le halt 41 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017, ar an gcoinníoll go bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear faoi alt 328 ar áireamh mar nóta nó mar fhonóta leis an gclár comhardaithe.

AGUISÍN 3 – TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Ceadú agus Síniú Thuarascáil na Stiúrthóirí

(1) Beidh Tuarascáil na Stiúrthóirí ceadaithe ag an mbord stiúrthóirí a bhfuil an tuarascáil á déanamh acu agus sínithe thar a gceann ag beirt stiúrthóirí, áit a bhfuil beirt nó níos mó stiúrthóirí ag an gcuideachta. Sa chás ina bhfuil stiúrthóir amháin ag an gcuideachta, ní mór don stiúrthóir sin an tuarascáil nó na tuarascálacha atá i gceist a cheadú agus a shíniú (alt 332(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014).

(2) Sonrófar i ngach cóip de gach Tuarascáil stiúrthóirí arna leagan faoi bhráid na gcomhaltaí i gcruinniú ginearálta nó arna scaipeadh, arna foilsiú nó arna heisiúint ar shlí eile, ainmneacha na ndaoine a shínigh í thar ceann an bhoird stiúrthóirí, i bhfoirm chlóschríofa, mar aon leis an dáta sínithe (alt 332(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014).

Díolúintí:

Cuideachtaí beaga, faoi théarmaí alt 352, i gcás ina gcomhdóidh siad Ráitis Airgeadais ghiorraithe, tá siad díolmhaithe ó Thuarascáil Stiúrthóirí a chomhdú.

- Faoi théarmaí alt 325 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, arna leasú le halt 41 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017, lena bpléitear le hathbhreithnithe gnó.
- Tá cuideachtaí beaga agus micreachuideachtaí díolmhaithe ó cheanglais alt 326(3) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, lena bpléitear le hionstraimí airgeadais.

Ceanglaítear le halt 355(6)(b) d'Acht na gCuideachtaí 2014 go gcaithfidh deimhniú arna shíniú ag an Rúnaí de chuid na cuideachta, i scríbhinn nó i bhfoirm leictreonach, a bheith ag gabháil leis an Sliocht as Tuarascáil na Stiúrthóirí, á rá go bhfuil sé ina chóip dhilis den fhaisnéis a leagadh faoina bhráid na gcomhaltaí i gcruinniú ginearálta. Comhlíonfaidh Deimhniú na Ráiteas Airgeadais ag an Rúnaí ar an bhFoirm B1 an ceanglas sin. Ba chóir go luafaí sa Sliocht ainmneacha na Stiúrthóirí a shínigh Tuarascáil bhunaidh na Stiúrthóirí.

Faoi théarmaí alt 325 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, arna leasú le halt 41 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017, ní cheanglaítear ar mhicreachuideachtaí tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú ar an gcoinníoll go ndéanfar an fhaisnéis a cheanglaítear faoi alt 328 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, a áireamh mar nóta nó mar fhonóta leis an gclár comhardaithe. (alt 328 - ceannach nó diúscairt a gcuid scaireanna).

Tá cuideachtaí beaga agus micreachuideachtaí díolmhaithe ó cheanglais alt 326(3) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, lena bpléitear le hionstraimí airgeadais. Tá siad díolmhaithe freisin ó cheanglais alt 327(1) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, lena bpléitear le hathbhreithnithe gnó.

Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta atá gan scairchaipiteal, tá díolúine acu ó fhaisnéis a

sholáthar maidir le:

- (i) fáil agus diúscairt scaireanna na cuideachta féin; agus,
- (ii) leasanna na stiúrthóirí i scaireanna agus bintiúir na cuideachta féin (Féach Cuid 18, Caibidil 5, alt 1216).

Tá díolúine ag **Cuideachtaí Poiblí Neamhtheoranta** freisin ón bhfaisnéis a sholáthar a cheanglaítear le halt 325(1)(c) maidir le fáil agus diúscairt scaireanna na cuideachta féin agus maidir le leasanna na stiúrthóirí i scaireanna agus i mbintiúir na cuideachta féin mar a cheanglaítear le halt 329 faoi théarmaí Chuid 19, Caibidil 5, alt 1271.

CÉ IS MOITE DE NA DÍOLÚINTÍ THUAS, ULLMHÓIDH STIÚRTHÓIRÍ CUIDEACHTA, DO GACH BLIAIN AIRGEADAIS, FAOI THÉARMAÍ ALT 325, “TUARASCÁIL STIÚRTHÓIRÍ” INA nDEILEÁLFAR LEIS NA NITHE FAOI NA CEANNTÉIDIL SEO A LEANAS:

1. Nithe ginearálta i ndáil leis an gcuideachta agus na stiúrthóirí (alt 326);
2. Athbhreithniú Gnó (alt 327);
3. Faisnéis maidir le fáil nó diúscairt scaireanna na cuideachta féin (alt 328);
4. Tuarascáil na Stiúrthóirí: Faisnéis maidir le leasanna i scaireanna nó i mbintiúir (alt 329);
5. Ráiteas ar aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta (alt 330).

1. Tuarascáil na Stiúrthóirí: Nithe ginearálta i ndáil leis an gcuideachta agus na stiúrthóirí (alt 326):

- (1) Luafar i dtuarascáil na stiúrthóirí do bhliain airgeadais—
 - (a) ainmneacha na ndaoine a bhí, aon tráth i rith na bliana airgeadais, ina stiúrthóirí ar an gcuideachta,
 - (b) príomhghníomhaíochtaí na cuideachta i rith na bliana,
 - (c) ráiteas faoi na bearta a rinne na stiúrthóirí chun comhlíonadh a áirithiú le ceanglais alt 281 go dtí alt 285 maidir leis na taifid chuntasaíochta a choinneáil agus an áit bheacht ina gcoinnítear na taifid sin,
 - (d) méid aon díbhinní eatramhacha a d’íoc na stiúrthóirí i rith na bliana agus an méid, más ann, a mholann na stiúrthóirí a íoc mar dhíbhinn deiridh. exact location of those records,
- (2) Más ábhartha i mbliain airgeadais ar leith, sonrúfar i dtuarascáil na stiúrthóirí—
 - (a) sonraí i dtaobh aon teagmhais thábhachtacha a rinne difear don chuideachta agus a tharla ó dheireadh na bliana sin,
 - (b) léiriú ar ghníomhaíochtaí, más ann, na cuideachta sa réimse taighde agus forbartha,
 - (c) léiriú ar bhraintí (de réir bhrí Threoir 89/666/CEE ón gComhairle) de chuid na cuideachta a bheith lasmuigh den Stát agus an tír ina bhfuil gach brainse den sórt sin suite,
 - (d) síntiúis pholaitíochta i rith na bliana a cheanglaítear a nochtadh faoin Acht Toghcháin 1997.
- (3) Sa chás inarb ábhartha é do mheasúnú ar staid airgeadais agus sochar nó dochar na cuideachta, déanfar cur síos i dtuarascáil na stiúrthóirí ar an úsáid a bhain an chuideachta as ionstraimí airgeadais, agus pléifear inti, go háirithe—
 - (a) Cuspóirí agus beartais na cuideachta um bainistíocht riosca airgeadas, lena n-áirítear an beartas maidir le fálú gach mórchineáil idirbhirt réamh-mheasta dá n-úsáidtear cuntasaíocht fálaithe; agus
 - (b) risíocht na cuideachta ar phraghasriosca, riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca sreafa airgid.

(Tá cuideachta bheag nó cuideachta mheánmhéide díolmhaithe ó fhaisnéis maidir le húsáid ionstraimí airgeadais a sholáthar le linn na tréimhse (alt 351))

2. Tuarascáil na Stiúrthóirí: Athbhreithniú Gnó (alt 327):

- (1) Cuimseofar i dtuarascáil na stiúrthóirí do bhliain airgeadais—
 - (a) athbhreithniú ceart ar ghnó na cuideachta, agus
 - (b) tuairisc ar na príomhrioscaí agus na héiginnteachtaí atá le sárú ag an gcuideachta.
- (2) Beidh an t-athbhreithniú ina anailís chothrom, chuimsitheach—
 - (a) ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht ghnó na cuideachta le linn na bliana airgeadais; agus
 - (b) ar shócmhainní agus dliteanais agus seasamh airgeadais na cuideachta ag deireadh na bliana airgeadais, i gcomhréir le méid agus castacht an ghnó.

(3) Áireofar san athbhreithniú, a mhéid is gá chun tuiscint a thabhairt ar an bhforbairt, ar an bhfeidhmíocht nó an seasamh airgeadais nó na sócmhainní agus dliteanas sin—

(a) anailís ar phríomhtháscairí feidhmíochta airgeadais; agus

(b) nuair is cuí, anailís ag baint úsáide as príomhtháscairí feidhmíochta neamhairgeadais, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le cúrsaí comhshaoil agus cúrsaí fostaithe.

(Tá cuideachta bheag nó mheánmhéide díolmhaithe ó anailís ar phríomhtháscairí feidhmíochta i rith na tréimhse a sholáthar (alt 351)).

(4) Más iomchuí, áireofar i dtuarascáil na stiúrthóirí mínithe breise ar shuimeanna atá san áireamh i Ráitis Airgeadais reachtúla na cuideachta.

(5) Áireofar san athbhreithniú léiriú ar na forbairtí is dócha á tharlóidh sa todhchaí i ngnó na cuideachta.

(6) Sa chuid seo, ciallaíonn “príomhtháscairí feidhmíochta” tosca ar féidir forbairt, feidhmíocht agus staid airgeadais ghnó na cuideachta a thomhas go héifeachtach trí thagairt dóibh.

3. Tuarascáil na Stiúrthóirí: Faisnéis maidir le fáil nó diúscairt a cuid scaireanna féin (alt 328):

Más rud é, tráth ar bith i rith bliain airgeadais de chuid cuideachta—

(a) go sealbhóidh nó go bhfaighidh an chuideachta scaireanna sa chuideachta féin, lena n-áirítear trí fhorghéilleadh nó trí thabhairt suas in ionad forghéilleadh; nó

(b) go sealbhóidh nó go bhfaighidh aon fhoghnóthas de chuid na cuideachta scaireanna sa chuideachta féin,

luafar i dtuarascáil na stiúrthóirí i leith bhliain airgeadais sin na cuideachta—

(i) líon agus luach ainmniúil aon scaireanna de chuid na cuideachta arna sealbhú ag an gcuideachta nó ag aon fhoghnóthas ag tús agus ag deireadh na bliana airgeadais mar aon leis an gcomaoin a íocadh ar na scaireanna sin; agus

(ii) réiteach idir líon agus luach ainmniúil na scaireanna sin ó thús na bliana airgeadais go dtí deireadh na bliana airgeadais, ina léirítear gach athrú le linn na bliana lena n-áirítear fáltais, diúscairtí agus cealuithe eile, agus léireofar i ngach cás luach na comaoine a íocadh nó a fuarthas, más ann.

4. Tuarascáil na Stiúrthóirí: Faisnéis maidir le leasanna i scaireanna nó i mbintíúir (alt 329):

(1) Sonrófar i dtuarascáil na stiúrthóirí i leith bliain airgeadais, maidir le gach duine a bhí, ag deireadh na bliana sin, ina stiúrthóir ar an gcuideachta—

(a) cé acu an raibh nó nach raibh leas aige nó aici, ag deireadh na bliana airgeadais sin, i scaireanna sa chuideachta nó in aon ghrúpghnóthas de chuid na cuideachta sin, nó i mbintíúir dá gcuid,

(b) má bhí leas aige nó aici amhlaidh ag deireadh na bliana sin, líon agus méid na scaireanna sa chuideachta agus i ngach gnóthas eile (agus é á shonrú) ina raibh leas aige nó aici an tráth sin, nó i mbintíúir dá gcuid,

(c) cibé an raibh leas aige nó aici, ag tús na bliana airgeadais (nó, más rud é nach raibh sé nó sí ina stiúrthóir an tráth sin, nuair a tháinig sé nó sí chun bheith ina stiúrthóir), i scaireanna sa chuideachta nó in aon ghrúpghnóthas eile, nó i mbintíúir dá gcuid; agus

(d) má bhí leas aige nó aici amhlaidh ag ceachtar de na dátaí díreach roimhe sin, líon agus méid na scaireanna sa chuideachta agus i ngach gnóthas eile (agus é á shonrú) nó i mbintíúir dá gcuid ina raibh leas aige nó aici amhlaidh ag tús na bliana airgeadais, nó, de réir mar a bheidh, nuair a tháinig sé nó sí chun bheith ina stiúrthóir.

(2) Forléireofar an tagairt i bhfo-alt (1) don am a tháinig duine chun bheith ina stiúrthóir, i gcás duine a tháinig chun bheith ina stiúrthóir níos mó ná uair amháin, mar thagairt don am a tháinig sé nó sí chun bheith ina stiúrthóir den chéad uair.

(3) An fhaisnéis a cheanglaítear le fo-alt (1) a thabhairt i leith stiúrthóirí na cuideachta, tabharfar í freisin i leith an duine a bhí ina rúnaí ar an gcuideachta ag deireadh na bliana airgeadais lena mbaineann.

(4) Chun críocha an ailt seo, is ionann tagairtí do leasanna stiúrthóra agus rúnaí i scaireanna nó i mbintíúir agus tagairtí do gach leas a cheanglaítear a thaifeadadh i gclár na leasanna faoi alt 267

agus foláítear leo freisin leasanna cúlstiúirthóirí agus stiúirthóirí de facto a cheanglaítear a chlárú amhlaidh.

5. Tuarascáil na Stiúirthóirí: Ráiteas ar fhaisnéis iniúchóireachta iomchuí (alt 330):

(1) Cuimseofar i dtuarascáil na stiúirthóirí i ndáil le cuideachta ráiteas á rá, i gcás gach ceann de na daoine is stiúirthóirí an tráth a cheadófar an tuarascáil de réir alt 332—

(a) a mhéid is eol don stiúirthóir, nach ann d'aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha a bhfuil iniúchóirí reachtúla na cuideachta ainneolach ina leith; agus

(b) gur ghlac an stiúirthóir na bearta go léir ar ceart a bheith glactha aige nó aici i gcáil stiúirthóra d'fhonn é féin nó í féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha agus a áirithiú go bhfuil iniúchóirí reachtúla na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

(2) San alt seo ciallaíonn “faisnéis iniúchóireachta iomchuí” faisnéis atá de dhíth ó iniúchóirí reachtúla na cuideachta i dtaca lena dtuarascáil a ullmhú.

(3) Meastar gur ghlac stiúirthóir gach beart ar chóir a bheith glactha aige nó aici i gcáil stiúirthóra d'fhonn na rudaí atá luaite i bhfo-alt (1)(b) a dhéanamh, más amhlaidh—

(a) go ndearna sé nó sí cibé ceistiú ar stiúirthóirí eile na cuideachta (más ann) agus ar iniúchóirí reachtúla na cuideachta chun na críche sin; agus

(b) gur ghlac sé nó sí cibé bearta eile (más ann) chun na críche sin, de réir mar is gá faoina chuid nó a cuid dualgas mar stiúirthóir ar an gcuideachta chun cúram, scil agus dúthracht réasúnta a fheidhmiú.

(4) Ní fhorléireofar aon ní in alt 330 mar rud a laghdóidh ar bhealach ar bith na hoibleagáidí reachtúla agus gairmiúla atá ar na hiniúchóirí reachtúla maidir le teacht ar a dtuairim féin i ndáil leis na nithe atá sonraithe in alt 336.

(5) I gcás ina ndéantar tuarascáil stiúirthóirí ina mbeidh an ráiteas a cheanglaítear faoin alt seo a cheadú de réir alt 332 ach ina bhfuil an ráiteas atá inti bréagach, beidh gach stiúirthóir de chuid na cuideachta—

(a) a raibh a fhios aige nó aici go raibh an ráiteas bréagach, nó a bhí meargánta i dtaobh cibé an raibh sé bréagach nó nach raibh; agus

(b) a mhainnigh bearta réasúnta a ghlacadh chun an tuarascáil a chosc ó bheith ceadaithe amhlaidh, beidh sé nó sí ciontach i gcion chatagóir 2.

(6) Faoi théarmaí alt 167(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014, i gcás stiúirthóirí cuideachta mór (nó cuideachta shealbhaíochta agus a fochuideachtaí go léir le chéile) a bhfuil láimhdeachas níos mó ná €50m aici agus ina bhfuil iomlán an chlár comhardaithe níos mó ná €25m, ní mór a lua i dtuarascáil na Stiúirthóirí faoi alt 325 d'Acht na gCuideachtaí 2014, (a) cibé ar bhunaigh an chuideachta coiste iniúchóireachta nó ar chinn sí gan é sin a dhéanamh agus (b) más rud é gur chinn an chuideachta gan coiste iniúchóireachta a bhunú, na cúiseanna leis an gcinneadh sin.

6. Tuarascáil na Stiúirthóirí: Cóip le háireamh d'aon Fhógra a eisíodh faoi reachtaíocht bhaincéireachta áirithe (alt 331):

Cuimseofar i dtuarascáil na Stiúirthóirí cóip d'aon Fhógra Nocht a eisíodh i leith na cuideachta faoi alt 33AK (a cuireadh isteach le hAcht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003 agus a leasaíodh leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 i rith na bliana airgeadais lena mbaineann an tuarascáil.

Tá an ceanglas sin de bhreis ar na ceanglais eile san Acht sin a bhfuil feidhm acu i gcásanna áirithe maidir le cuimsiú nithe i dtuarascáil Stiúirthóirí, eadhon:

- Ráiteas de réir alt 167(3) maidir le coiste iniúchóireachta a bhunú nó gan é a bhunú i gcás mórchuideachta theoranta phríobháideach, agus
- Ráiteas comhlíontachta na stiúirthóirí i gcás cuideachta a bhfuil feidhm ag alt 225(2) ina leith.

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ I LEITH AN GHRÚPA:

Sa chás ina n-ullmhóidh cuideachta shealbhaíochta Ráitis Airgeadais ghrúpa, ullmhóidh na stiúirthóirí freisin Tuarascáil Stiúirthóirí is tuarascáil chomhdhlúite í (“Tuarascáil na Stiúirthóirí i leith an Ghrúpa”)

ina ndéileálfar leis an gcuideachta agus a cuid foghnóthas ar áireamh sa chomhdhlúthú arna nglacadh ina n-iomláine (alt 325(3), Acht na gCuideachtaí 2014).

Maidir le Tuarascáil Stiúrthóirí i leith Grúpa, beidh feidhm ag alt 326, fo-ailt (1)(b) agus (c), (2) agus (3) d'Acht na gCuideachtaí 2014 amhail is gurb ionann tagairt don chuideachta agus tagairt don chuideachta agus a cuid foghnóthas ar áireamh sa chomhdhlúthú.

Maidir le Tuarascáil na Stiúrthóirí i leith Grúpa, beidh feidhm ag alt 327 d'Acht na gCuideachtaí 2014 amhail is gurb ionann tagairt don chuideachta agus tagairt don chuideachta agus a cuid foghnóthas ar áireamh sa chomhdhlúthú.

I gcás ina bhfoilsítear Ráitis Airgeadais ghrúpa le Ráitis Airgeadais aonáin, is leor Tuarascáil na Stiúrthóirí i leith an Ghrúpa dá dtagraítear thuas in alt 325(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014 a ullmhú, ar choinníoll go gcuirfear ar fáil i dTuarascáil na Stiúrthóirí i leith an Ghrúpa aon fhaisnéis a bhaineann leis an gcuideachta shealbhaíochta amháin, ar faisnéis í a cheanglófaí murach sin a chur ar fáil faoi alt 325(1) nó alt 167(3) nó alt 225(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Is féidir le Tuarascáil na Stiúrthóirí i leith an Ghrúpa, nuair is cuí, níos mó béime a leagan ar nithe atá suntasach don chuideachta shealbhaíochta agus a cuid foghnóthas ar áireamh sa chomhdhlúthú arna nglacadh ina n-iomláine.

Má mhainníonn stiúrthóir a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoi alt 325(1), (3) nó (4) d'Acht na gCuideachtaí 2014 a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion chatagóir 3. Áirítear leis sin daoine atá ina cúlstiúrthóirí nó stiúrthóirí de facto.

AGUISÍN 4 – RÁITEAS COMHLÍONTACHTA LE HÁIREAMH I dTUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ – ALT 225(2) d'ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014

Stiúrthóirí cuideachta a chomhlíonann na coinníollacha atá leagtha amach anseo thíos i leith na bliana airgeadais dá dtagraíonn tuarascáil na stiúrthóirí, ní mór dóibh ráiteas comhlíontacha a áireamh i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Is iad seo a leanas na ceanglais a bheidh le comhlíonadh:

- (a) Gur mó iomlán an chláir comhardaithe don bhliain ná
 - (i) faoi réir fhomhír (ii), €12,500,000;
 - (ii) má tá méid níos airde nó níos ísle forordaithe chun críocha an mhíne ar “cuideachta mhór” in alt 167(1) nó chun críocha alt 225(7), faoi alt 943(1)(i) ag an Aire – an méid forordaithe; agus
- (b) gur mó méid an láimhdeachais don bhliain ná-
 - (i) faoi réir fhomhír (ii), €25,000,000;
 - (ii) má tá méid níos airde nó níos ísle forordaithe chun críocha an mhíne ar “cuideachta mhór” in alt 167(1) nó chun críocha alt 225(7), faoi alt 943(1)(i) ag an Aire – an méid forordaithe;

Níl feidhm ag alt 225 maidir le cuideachta a bhaineann le haicme atá díolmhaithe faoi théarmaí alt 943(1)(g) mar seo a leanas:

- (i) cuideachtaí cáilitheacha de réir bhrí alt 110 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (arna chur isteach le halt 48 den Acht Airgeadais 2003); agus,
- (ii) aicmí cuideachtaí eile agus gnóthas eile, má fhágann an méid nó an modh ina bhfuil á siad á rialú nó a d'fhéadfaí iad a rialú faoi aon achtachán, i dtuairim an Aire, go bhfuil sé neamhriachtanach nó míchuí na forálacha nó an fhoráil sin a chur i bhfeidhm maidir leo;

Cuimseofar i ráiteas comhlíontachta na stiúrthóirí an méid seo a leanas

- (i) Admháil go bhfuil siad freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfaidh an chuideachta a cuid oibleagáidí iomchuí; agus
- (ii) Deimhniú go bhfuil na nithe seo a leanas déanta, agus más rud é nach bhfuil siad déanta, na cúiseanna nach bhfuil siad déanta.

- (a) ullmhú ráitis (ar a dtabharfar, agus dá ngairtear in Acht na gCuideachtaí 2014, “ráiteas beartais

um chomhlíonadh”), ina leagfar amach beartais na cuideachta (is iomchuí don chuideachta, i dtuairim na stiúrthóirí) maidir leis an gcuideachta do chomhlíonadh a cuid oibleagáidí iomchuí;

(b) cur i bhfeidhm socruithe nó struchtúr iomchuí atá, i dtuairim na stiúrthóirí, ceaptha chun comhlíonadh ábhartha oibleagáidí iomchuí na cuideachta a áirithiú; agus

(c) déanamh athbhreithnithe, i rith na bliana airgeadais lena mbaineann an tuarascáil stiúrthóirí dá dtagraítear, ar aon socruithe nó struchtúir dá dtagraítear i mír (b) atá curtha i bhfeidhm.

Féadfar go n-áireofaí leis na socruithe agus na struchtúir dá dtagraítear i (b) thuas, má chinneann stiúrthóirí na cuideachta amhlaidh dá rogha féin, brath ar chomhairle duine amháin nó daoine atá fostaithe ag an gcuideachta nó fostaithe aici faoi chonradh le haghaidh seirbhísí, ar duine é nó í a ndealraíonn sé do na stiúrthóirí ag a bhfuil an t-eolas agus an taithí is gá chun comhairle a chur ar an gcuideachta maidir le comhlíonadh a cuid oibleagáidí iomchuí.

Na socruithe nó na struchtúir dá dtagraítear i (b) thuas, measfar gur ceapadh iad chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an chuideachta a cuid oibleagáidí iomchuí go hábhartha má chuirtear ar fáil leo dearbhú réasúnta ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí sin ar gach slí ábhartha.

Beidh gach stiúrthóir a mhainneoidh déanamh de réir an ailt seo den Acht ciontach i gcion chatagóir 3. Tá feidhm ag an gceanglas maidir le Ráiteas Comhlíontachta i ndáil le gach Cuideachta Phoiblí Theoranta ach níl feidhm aige maidir le Cuideachtaí Neamhtheoranta.

AGUISÍN 5 – FAISNÉIS ATÁ LE NOCHTADH I NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS AGUS DIOLUINTÍ ATÁ CEADAITHE DO CHUIDEACHTAÍ A BHFUIL RÁITIS AIRGEADAIS GHIORRAITHE Á gCOMHDÚ ACU:

Ceanglais um Nótaí Giorraithe i gcás Cuideachtaí Beaga

- **Ráitis Airgeadais Aonáin faoi Acht na gCuideachtaí** – ní mór go nochtfaí iontu na nótaí a cheanglaítear le halt 305 go dtí alt 321 d’Acht na gCuideachtaí 2014 (1-12 agus 15 thíos) agus an fhaisnéis a cheanglaítear le mír 52, 53, 57 agus 68 de Sceideal 3 d’Acht na gCuideachtaí 2014. (Féach Aguisín 2 le haghaidh sampla de na nótaí giorraithe do chuideachta bheag a bhfuil Ráitis Airgeadais ghiorraithe á gcomhdú aici faoi Acht na gCuideachtaí)
- **Ráitis Airgeadais IFRS** – ní mór na nótaí a nochtadh a cheanglaítear le halt 305 go dtí 321 d’Acht na gCuideachtaí 2014 (1-12 thíos) agus na nótaí ina soláthraítear faisnéis maidir le haibíocht na ndlíteanas neamh-reatha agus sonraí faoi aon urrúis a tugadh i leith na ndlíteanas sin

Ceanglais um Nótaí Giorraithe i gcás Cuideachtaí Meánmhéide

- **Ráitis Airgeadais Aonáin faoi Acht na gCuideachtaí** – Is féidir na hítimí a bhfuil cead iad a chomhcheangal sa ráiteas ioncaim giorraithe a chomhcheangal chomh maith sna nótaí leis na Ráitis Airgeadais. Ní gá an fhaisnéis a cheanglaítear le mír 65 de Sceideal 3 a chur ar fáil.
- **Ráitis Airgeadais IFRS** – Is féidir na míreanna a bhfuil cead iad a chomhcheangal sa ráiteas ioncaim giorraithe a chomhcheangal chomh maith sna nótaí leis na Ráitis Airgeadais.

Seo a leanas liosta de na nótaí is gá sna Ráitis Airgeadais. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh má tá Ráitis Airgeadais ghiorraithe á gcomhdú ag cuideachta, nach gá di na nótaí go léir a áireamh;

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS:

Ceanglaítear ar chuideachta faisnéis shonrach áirithe a nochtadh mar seo a leanas:

1. Luach Saothair agus Idirbhearta na Stiúrthóirí:

Luach saothair aon duine nó daoine a bhí ina stiúrthóir nó ina stiúrthóirí, tráth ar bith i rith na bliana airgeadais, don bhliain airgeadais reatha agus don bhliain roimhe sin araon. Beidh sé de dhualgas ar na hiniúcháirí reachtúla, mura gcomhlíonfar an ceanglas sin, ráiteas a áireamh sa tuarascáil ar na ráitis sin ina mbeidh na sonraí is gá sa chás nach gcomhlíonfaidh na stiúrthóirí na ceanglais sin. (Féach alt 305 (1) go dtí (13) agus alt 306 (1) go dtí (6), Acht na gCuideachtaí 2014, le haghaidh

sonraí faoin méid nach mór a bheith sna nótaí, agus aon díolúintí ina leith).

2. Sochair Stiúrthóirí:

Ceanglaítear a nochtadh, i Ráitis Airgeadais aonáin i gcás cuideachta agus i Ráitis Airgeadais ghrúpa i gcás cuideachta shealbhaíochta, le haghaidh na bliana airgeadais reatha agus na bliana roimhe sin, faisnéis maidir le sochair na stiúrthóirí – iasachtaí, quasi-iasachtaí, idirbhearta creidmheasa agus ráthaíochtaí. Ní gá faisnéis a nochtadh faoi Alt 307(1) go dtí (8) maidir le stiúrthóir aonair agus daoine atá bainteach leis nó léi más rud é nach raibh luach comhiomlán na gcomhshocraíochtaí, na n-idirbheart, agus na gcomhaontuithe sin, aon tráth le linn na bliana airgeadais, níos mó ná €7,500 i gcás an stiúrthóra agus na ndaoine sin. (Féach alt 307(1) go dtí (10) agus alt 308 (1) go dtí (8), Acht na gCuideachtaí 2014, le haghaidh sonraí faoin méid nach mór a bheith sna nótaí, agus aon díolúintí ina leith).

3. Comhshocraíochtaí agus idirbhearta eile ina bhfuil leas ábhartha ag na stiúrthóirí agus oifigigh eile de chuid na cuideachta:

Aon chomhshocraíochtaí agus idirbhearta eile ina bhfuil leas ábhartha ag na stiúrthóirí agus / nó oifigigh eile de chuid na cuideachta (Féach alt 309 (1) go dtí (8), Acht na gCuideachtaí 2014, le haghaidh sonraí faoin méid nach mór a bheith sna nótaí, agus aon díolúintí ina leith).

4. Forais Chreidmheasa: eisceachtaí maidir le nochtadh ag cuideachta shealbhaíochta faoi alt 307 go dtí alt 309 i gcás daoine bainteacha agus oifigigh áirithe

Tá an chuideachta shealbhaíochta de chuid Fhorais Creidmheasa díolmhaithe ó fhaisnéis shonraithe i ndáil leis na ceanglais ag 2 agus 3 thuas a sholáthar i gcás daoine bainteacha agus oifigigh áirithe. (Féach alt 310 (1) go (5), Acht na gCuideachtaí 2014, le haghaidh sonraí na n-eisceachtaí a cheadaítear i gcás foras creidmheasa).

5. Forais Chreidmheasa: nochtadh méideanna comhiomlána i leith daoine bainteacha ag cuideachta shealbhaíochta

Ní mór go nochtfaí i Ráitis Airgeadais Ghrúpa de chuid cuideachta sealbhaíochta forais creidmheasa na méideanna comhiomlánaithe i ndáil le hidirbhearta, comhshocraíochtaí nó comhaontuithe arna ndéanamh ag an bhforas creidmheasa le daoine bainteacha. (Féach alt 311 (1) go dtí (8), Acht na gCuideachtaí 2014, le haghaidh sonraí faoin méid nach mór a bheith sna nótaí, agus aon díolúintí ina leith).

6. Gnóthais ghaolmhara:

Más amhlaidh, ag deireadh bliain airgeadais chuideachta go bhfuil an foghnóthas nó gnóthas de leas substaintiúil (.i. gnóthas nach foghnóthas é ach ina shealbhaíonn an chuideachta leas 20% nó níos mó in aon chineál scaireanna cothromais), ceanglaítear ar an gcuideachta faisnéis shonraithe a nochtadh faoi na gnóthais bhainteacha sin. (Féach alt 314 (1) go dtí (6) agus alt 315, Acht na gCuideachtaí 2014, le haghaidh sonraí faoin méid nach mór a bheith sna nótaí, agus aon díolúintí ina leith).

7. Gnóthais ghaolmhara: Imthosca ina bhféadfar faisnéis áirithe a chur i gceangal leis an tuairisceán bliantúil

In imthosca ina dtagann na stiúrthóirí ar an tuairim go bhféadfadh comhlíonadh na gceanglas nochtta in alt 314 go mbeadh nóta ró-fhada, ní gá faisnéis a thabhairt sna nótaí ach amháin ar ghnóthais a ndearna a sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais nó sochar nó sochar difear go príomha, i dtuairim na stiúrthóirí, do na méideanna a thaispeántar i Ráitis Airgeadais reachtúla na cuideachta nó atá eisiata ó chomhdhlúthú faoi alt 303(3) d'Acht 2014, ach cuirfidh an chuideachta i gceangal leis na Ráitis Airgeadais reachtúla a ghabhann leis an tuairisceán bliantúil ábhartha doiciméad ar leithligh ina dtabharfar an fhaisnéis iomlán a cheanglaítear ar an gcuideachta. (Féach alt 316(1) go dtí (4) agus alt 348(4), Acht na gCuideachtaí 2014, le haghaidh sonraí faoin méid atá le taispeáint sna nótaí agus sa doiciméad ar leithligh atá i gceangal leis na Ráitis Airgeadais).

8. Sonraí i dtaobh baill foirne:

IMaidir le baill foirne, ceanglaítear faoi Acht 2014 go gcuirfidh an chuideachta nóta ar fáil faoin meánlíon daoine a bhí i bhfostaíocht na cuideachta sa bhliain airgeadais agus an meánlíon daoine a bhí i bhfostaíocht laistigh de gach earnáil daoine i bhfostaíocht na cuideachta le linn na bliana sin.

Cuirfidh an chuideachta faisnéis ar fáil chomh maith faoi na nithe seo a leanas:

- Méideanna comhiomlána an phá agus na dtuarastal a íocadh nó is iníoctha leis na daoine sin

maidir leis an mbliain sin;

- Méideanna comhiomlána na gcostas árachais shóisialaigh a thabhaigh an chuideachta thar a gceann;
- Costas sochair scoir eile a tabhaíodh, agus,
- Costais chúiteamh eile (le sonrú de réir cineáil) a thabhaigh an chuideachta i leith na ndaoine sin sa bhliain airgeadais.

(Féach alt 317 (1) go dtí (8), Acht na gCuideachtaí 2014, le haghaidh sonraí faoin méid nach mór a bheith sna nótaí, agus aon díolúintí ina leith).

9. Sonraí um scairchaipiteal údaraithe, scairchaipiteal leithroinnte/eisithe agus gluaiseachtaí:

Sonraí um scairchaipiteal údaraithe, scairchaipiteal leithroinnte/eisithe agus gluaiseachtaí i leith na scaireanna sin. (Féach alt 318 (1) go dtí (8), Acht na gCuideachtaí 2014, le haghaidh sonraí faoin méid nach mór a bheith sna nótaí, agus aon díolúintí ina leith).

10. Cúnamh airgeadais ón gcuideachta i ndáil le ceannach scaireanna dá cuid féin:

Faisnéis maidir le méid comhiomlán an chúnaimh airgeadais ón gcuideachta i ndáil le ceannach scaireanna dá cuid féin – le cur ar fáil sna Ráitis Airgeadais aonáin agus sna Ráitis Airgeadais ghrúpa. (Féach alt 319(1) go dtí (3), Acht na gCuideachtaí 2014, le haghaidh sonraí faoin méid nach mór a bheith sna nótaí, agus aon díolúintí ina leith).

11. Sealbhú scaireanna dá cuid féin nó scaireanna i ngnóthas sealbhaíochta:

Leagfar amach, ar leithligh, sna nótaí a ghabhann le Ráitis Airgeadais aonáin na cuideachta agus, de réir mar a bheidh, Ráitis Airgeadais ghrúpa na cuideachta nó a cuideachta sealbhaíochta, sonraí i leith na scaireanna dá cuid féin atá á sealbhú aici nó na scaireanna ina cuideachta shealbhaíochta. (Tugtar sonraí in alt 320 (1) go (4), Acht na gCuideachtaí 2014 faoi cad ba chóir a thaispeáint sna nótaí).

12. Beartais chuntasaíochta:

Nochtfaidh cuideachta sna Ráitis Airgeadais aonáin agus sna Ráitis Airgeadais ghrúpa na beartais chuntasaíochta arna nglacadh aici maidir le cinneadh na míreanna agus na méideanna a áireofar ina clár comhardaithe nó, de réir mar a bheidh, ina clár comhardaithe comhdhlúite agus ina cuntas sochair agus dochair nó ina cuntas comhdhlúite sochair agus dochair. (Féach alt 321(1) go dtí (2), Acht na gCuideachtaí 2014, le haghaidh sonraí faoin méid nach mór a bheith sna nótaí).

13. Luach saothair maidir le hiniúchadh, obair a bhaineann le hiniúchadh agus obair nach mbaineann le hiniúchadh:

I gcás Ráitis Airgeadais aonáin agus Ráitis Airgeadais ghrúpa, nochtfaidh cuideachta an luach saothair don obair iniúcháireachta, obair a bhaineann le hiniúchadh agus obair nach mbaineann le hiniúchadh (lena n-áirítear sochair chomhchineáil, aisíocaíocht speansas agus íocaíochtaí eile in airgead tirim).

I gcás cuideachta bheag nó mheánmhéide nó cuideachta is gnóthas fochuideachta a gceanglaítear ar a cuideachta sealbhaíochta ráiteas airgeadais grúpa ina bhfuil sé san áireamh a ullmhú, agus a dhéanann amhlaidh, agus a nochtann an fhaisnéis sna nótaí a ghabhann leis an ráiteas airgeadais grúpa, tá sí díolmhaithe ón fhaisnéis sin a nochtadh. (Féach alt 322 (1) go dtí (9), Acht na gCuideachtaí 2014, le haghaidh sonraí faoin méid nach mór a bheith sna nótaí, agus aon díolúintí ina leith).

14. Comhshocraíochtaí nach n-áirítear sa chlár comhardaithe:

Sa chás ina bhfuil na rioscaí agus na tairbhí a eascraíonn as comhshocraíochtaí den sórt sin ábhartha, agus a mhéid a bhfuil gá le nochtadh na rioscaí agus na dtairbhí sin chun measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais na cuideachta, ní mór cineál agus cuspóir gnó aon chomhshocraíochtaí de chuid cuideachta nach bhfuil san áireamh ina clár comhardaithe agus an tionchar airgeadais de bharr na gcomhshocraíochtaí sin a nochtadh sna nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais aonáin agus na Ráitis Airgeadais ghrúpa. Mar sin féin, ní cheanglófar faisnéis a sholáthar sna nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais aonáin de chuid na cuideachta sealbhaíochta má tá an fhaisnéis sin sna nótaí a ghabhann lena ráiteas airgeadais grúpa. (Féach alt 323 (1) agus (2), Acht na gCuideachtaí 2014, le haghaidh sonraí faoin méid nach mór a bheith sna nótaí).

15. Nochtadh a cheanglaítear le Cuid IV de Sceideal 3 agus Sceideal 4 d'Acht 2014:

Faoi Chuid IV de Sceideal 3 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ceanglaítear, i gcás faisnéise ar bith a cheanglaítear ar aon chuideachta a thabhairt faoi fhorálacha Chuid IV nach bhfuil tugtha i Ráitis Airgeadais na cuideachta, go dtabharfar í i bhfoirm nóta leis na Ráitis Airgeadais seo.

- i. Ceanglaítear, le mír 47 go dtí mír 61, faisnéis a thabhairt faoi bhintíúir, sócmhainní seasta, díbhinní, cúlchistí, forálacha do dhliteanais, soláthar do chánachas, sonraí féichiúnais agus sonraí ina bhfuil praghas ceannaigh nó costas táirgthe aon sócmhainne á chinneadh den chéad uair faoi théarmaí mhír 31 de Chuid IV, a dhéanann forlíonadh ar an bhfaisnéis a thugtar maidir le haon ítimí áirithe a thaispeántar sa chlár comhardaithe nó atá ábhartha thairis sin chun staid airgeadais na cuideachta a mheasúnú;
- ii. Ceanglaítear, le mír 63 go dtí mír 66, faisnéis a thabhairt i ráiteas ar leithligh faoi mhíreanna áirithe ioncaim agus caiteachais, sonraí cánach, sonraí láimhdeachais, agus míreanna ilghnéitheacha éagsúla, a dhéanann forlíonadh ar an bhfaisnéis a thugtar maidir le haon ítimí áirithe a thaispeántar sa chuntas sochair agus dochair nó faoi imthosca a dhéanann difear do na hítimí a thaispeántar sa chuntas sochair agus dochair;
- iii. Ceanglaítear, le mír 67 agus mír 68 go soláthrófar faisnéis i ndáil le hidirbhearta páirtí ghaolmhar agus, i gcás suimeanna a ainmníodh i dtosach in airgeadraí coigríche a bheith curtha i gcuntas faoi aon ítimí a thaispeántar sa chlár comhardaithe nó sa chuntas sochair agus dochair, an bonn ar ar aistríodh na suimeanna sin ina euro, nó, murab ionann é, airgeadra feidhmeach na cuideachta.

16. Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Ghrúpa

I gCuid IV de Sceideal 4, mír 23 go dtí mír 28, leagtar amach an fhaisnéis, de bhreis ar an bhfaisnéis sin a cheanglaítear le Sceideal 3, a cheanglaítear a bheith ar áireamh sna nótaí leis na Ráitis Airgeadais ghrúpa. Baineann an fhaisnéis sin le húsáid airgeadraí, creidiúnaithe, agus cineál an tsocraithe comhbhainistíochta i ndáil le haon chomhfhiontair atá san áireamh in idirbhearta a bhaineann le comhdhlúthú, éadálacha, agus idirbhearta páirtí ghaolmhar.

AGUISÍN 6 – CUIDEACHTAÍ NACH BHFUIL I DTEIDEAL LEAS A BHAINT AS DIOLUINE O INIUCHADH

An Cúigiú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí 2014

Liosta de na cuideachtaí chun críocha áirithe d'Acht na gCuideachtaí 2014 (lena n-áirítear, go háirithe, ailt 143, 351, 363 agus 511).

1. Cuideachta is **gnólacht infheistíochta údaraithe** de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais) 2007 (I.R. Uimh. 60 de 2007).
2. Cuideachta is **rannpháirtí údaraithe sa mhargadh**.
3. Cuideachta is **gnóthas comhlachaithe nó gnóthas gaolmhar de chuid gnólachta gnó infheistíochta nó rannpháirtí údaraithe sa mhargadh**, de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais) 2007 (I.R. Uimh. 60 de 2007).
4. Cuideachta lena mbaineann **caibidil VII, VIII nó IX de Chuid II d'Acht an Bhainc Ceannais 1989**.
5. Cuideachta atá ag gabháil do **ghnó taiscí nó cistí inaisíochta eile a ghlacadh nó do chreidmheas a dheonú dá cuntas féin**.
6. Cuideachta is **comhlacht comhlachaithe de chuid cumainn foirgníochta** de réir bhrí an Achta Cumann Foirgníochta 1989.
7. Cuideachta is **frontar comhlachaithe de chuid forais creidmheasa** de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Forais Chreidmheasa) (Maoirseacht Chomhdhlúite) 2009 (I.R. Uimh. 475 de 2009).
8. **Cuideachta infheistíochta** de réir bhrí Chuid 24.
9. Cuideachta is **cuideachta bhainistíochta, iontaobhaí nó caomhnóir** de réir bhrí Chuid 24 nó de réir bhrí Chuid 2 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005.
10. Cuideachta is **gnóthas le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe** de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2011 (I.R. Uimh. 352 de 2011).
11. Cuideachta is **cuideachta bhainistíochta nó iontaobhaí gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe** de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2011 (I.R. Uimh. 352 de 2011).
12. Cuideachta is **cuideachta bhainistíochta nó iontaobhaí de chuid scéime iontaobhais aonad** de réir bhrí an Achta um Iontaobhais Aonad 1990.
13. Cuideachta is **comhpháirtí ginearálta nó caomhnóir comhpháirtíochta teoranta infheistíochta** de réir bhrí an Achta um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta 1994.
14. Cuideachta a bhfuil **dlúthnasc aici** (de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceanglais Chaipitil) 2014 (I.R. Uimh. 158 de 2014)) **le gnólacht infheistíochta údaraithe** dá dtagraítear i mír 1 nó cuideachta dá dtagraítear i mír 5.
15. **Aon cuideachta eile** a gceanglaítear, de bhua aon achtacháin nó de bhua aon ionstraime faoi aon achtachán, í a bheith **údaraithe ag an mBanc Ceannais** chun go mbeidh gnó á sheoladh aici.
16. Cuideachta is sealbhóir ar údarú de réir bhrí—
 - (a) Rialachán 2 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (**Árachas Neamhshaoil**) 1976 (I.R. Uimh. 115 de 1976);
 - (b) Rialachán 2 de Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (**Árachas Neamhshaoil**) 1994 (I.R. Uimh. 359 de 1994);
 - (c) Rialachán 2 de Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (**Árachas Saoil**) 1984 (I.R. uimh. 57 de 1984); nó
 - (d) Rialachán 2 de Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (**Árachas Saoil**) 1994 (I.R. Uimh. 360 de 1994).
17. Cuideachta is **idirghabhálaí árachais** de réir bhrí an Achta Árachais 1989.
18. Cuideachta is **comhlacht eiscthe** de réir bhrí na nAchtanna Cearrchumann, 1871 go 1990.

AGUISÍN 7: BOTÚIN CHOITIANTA LE SEACHAINT AGUS TUAIRISCEÁIN BHLIANTÚLA Á gCOMHDÚ

Seo a leanas miondealú ar na cúiseanna is coitianta le haghaidh tuairisceáin bhliantúla a sheoladh ar ais chuig an láithreoir lena gceartú le Fógra faoi Alt 898 (féach cuid 1.9 den bhileog seo) agus réitigh fhéideartha:

Botún	Réiteach féideartha
Tá an tuairisceán bliantúil déanach agus tá táille um chomhdú déanach dlite ach níl sí faoi iamh.	Fág dóthain ama chun an tuairisceán bliantúil a chomhdú roimh an spriocdháta. Ní mór duit foirm B1 a chomhdú go leictreonach, rud a fhágann go mbeid 28 lá bhreise agat chun na ráitis airgeadais a uaslódáil. Ní mór an íocaíocht a dhéanamh trí chuntas custaiméara nó le cárta creidmheasa. Más rud é go bhfuil an baol ann nach mbeidh an fhoirm istigh in am agat, úsáid seirbhís lena rathaítear seachadadh an lá dar gcionn agus lena soláthraítear cruthúnas seachadta (mar shampla, Swift Post) NÓ sín isteach an fhoirm tú féin ag Oifig Phoiblí CRO ag Plás Gloucester Íochtarach, BÁC1. Má tá tú déanach, is féidir an pionós a ríomh ag baint úsáide as an Áireamhán maidir le Táillí um Chomhdú Déanach sa rannóg Seirbhísí ar Líne ar shuíomh gréasáin an CRO – www.cro.ie . Féach freisin cuid 1.7.1 agus cuid 1.7.3 den bhileog seo maidir le conas am breise a fháil chun tuairisceán bliantúil a chomhdú.
Níl an chuideachta i dteideal díolúine ó iniúchadh a éileamh toisc go bhfuil an tuairisceán bliantúil reatha déanach NÓ go raibh an ceann roimhe sin déanach.	Má tá tuairisceán bliantúil déanach, caillfear an díolúine ó iniúchadh ar feadh dhá bhliain – an dhá bhliain ina diaidh.
Tá an tuairisceán bliantúil ullmhaithe cothrom le dáta níos luaithe ná ARD reatha na cuideachta agus níl tic i gceachtar de na boscaí ar Leathanach 1 den fhoirm B1.	Nuair a ullmhaíonn tú d’fhoirm B1 cothrom le dáta níos luaithe ná do dháta ARD, ní mór duit a chur in iúl cé acu is mian leat do dháta ARD reatha A CHOINNEÁIL nó é a ATHRÚ chuig an dáta níos luaithe. Cinntigh i gcónaí go mbeidh tic i gceann amháin den dá bhosca nuair a ullmhóidh tú do B1 cothrom le dáta is luaithe ná an ARD.
Tá an dáta “Tuairisceán á dhéanamh go dtí” níos déanaí na an ARD.	Ní féidir an fhoirm B1 a ullmhú cothrom le dáta is déanaí ná an ARD atá luaite don chuideachta. Ní féidir leis an ARD a bheith níos mó ná naoi mí tar éis dáta dheireadh na bliana airgeadais.
Tá na Ráitis Airgeadais breis is naoi mí níos luaithe ná an dáta “Tuairisceán á dhéanamh go dtí”.	Ní féidir níos mó ná naoi mí a bheith idir dáta deireadh na bliana airgeadais agus an dáta “Tuairisceán á dhéanamh go dtí” ar an B1.
Níl an Fhoirm B1 sínithe / níl sí sínithe ag beirt éagsúil / níl dáta léi / ní sínithe bunaidh atá uirthi	Ní mór dhá shíniú bunaidh a bheith ar gach foirm B1 – stiúirthóir agus rúnaí. Ní féidir leis an duine céanna í a shíniú sa dá cháil. Ní mór sínithe an stiúirthóra agus an rúnaí ar Dheimhniú Foriomlán um Ráitis Airgeadais a bheith ina gcinn bhunaidh freisin. Ní mór an B1 a bheith dátaithe.
Déantar Foirm B1 a chomhdú gan aon Ráitis Airgeadais.	Ní gá do chuideachta Ráitis Airgeadais a chomhdú leis an gcéad tuairisceán bliantúil uaithi (6 mhí) ach ní mór iad a chomhdú le gach tuairisceán bliantúil ina dhiaidh sin ach amháin má tá foirm B73 ag gabháil leis chun síneadh a chur leis an ARD.
Ní bhíonn ainmneacha clóscríofa na sínitheoirí i Ráitis Airgeadais.	Ós rud é nach bhfuil sínithe i lámhscríbhinn ag teastáil a thuilleadh ar na Ráitis Airgeadais, tá ainmneacha clóscríofa na sínitheoirí agus an dáta sínithe éigeantach anois.
Níl an Stiúirthóir/Rúnaí atá liostaithe ar an ‘leathanach sínithe’ liostaithe ar thaifid CRO sa cháil sin.	Ní mór Foirm B10 a chomhdú leis an CRO chun an t-athrú ar Stiúirthóir nó Rúnaí a chlárú. Is féidir foirmeacha B10 a chomhdú go leictreonach saor in aisce. Ní mór duit foirm B10 a chomhdú go leictreonach.
Tá díolúine éilithe ag an geuideachta i leith giorrú nó iniúchadh ach níl na ráitis/clásail is gá cuimsithe sa chlár comhardaithe.	Tá na ráitis nach mór a áireamh sa Chlár Comhardaithe agus díolúine á héileamh leagtha amach i gCuid 3.5 den Bhileog seo.
Tá na doiciméid faoi cheangal, níl na leathanaigh A4 i méid, níl an cló dubh, níl an cló nó na barrachóid oiriúnach do scanadh leictreonach.	Ba chóir na páipéir a choinneáil le chéile le gearrthóg nó stápla agus iadsan amháin. Ní mór gur ar mhéid A4 a bheadh na leathanaigh, ar pháipéar bán le bailchríoch neamhlonrach agus iad de mheáchan níos lú ná 80g/mm2. Ní mór d’ábhar clóite a bheith dubh agus ní mór nach mbeadh sé priontáilte ar phrintéir poncmhairíse.

AGUISÍN 8: CIONTA CATAGÓIRE AGUS SMACHTBHANNAÍ

Déantar foráil in Acht na gCuideachtaí 2014 do chionta a chur i gceithre chatagóir, Catagóir 1 go dtí Catagóir 4. Tríd síos san Acht, cuirtear na cionta arna gcruthú i gcatagóirí maidir leis an gcatagóir phionóis ar leith atá ag gabháil leo. Tá na pionóis sin leagtha amach i gCaibidil 7 de Chuid 14:

- **cion chatagóir 1** – ar é nó í a chiontú ar díotáil, féadfar téarma príosúnachta suas le 10 mbliana nó fineáil suas le €500,000 nó iad araon a chur ar dhuine;
- **cion chatagóir 1** – ar é nó í a chiontú go hachomair, féadfar fineáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur ar dhuine;
- **cion chatagóir 2** – ar é nó í a chiontú ar díotáil, féadfar téarma príosúnachta suas le cúig bliana nó fineáil suas le €50,000 nó iad araon a chur ar dhuine;
- **cion chatagóir 2** – ar é nó í a chiontú go hachomair, féadfar fineáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur ar dhuine;
- **cion chatagóir 3** – cion achomair amháin, is inphionóis le téarma príosúnachta suas le sé mhí agus forchur “fineáil d’Aicme A” (nó iad araon); agus
- **cion chatagóir 4** – Cion achomair amháin freisin, is inphionóis le forchur fineála d’Aicme A.

Ciallaíonn “fineáil d’aicme A” fineáil de réir bhrí an Achta Fineálacha 2010 (.i. fineáil nach mó ná €5,000).

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1
Fiosruithe: Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

Lóghlao: 1890 220 226
Fón: +353 1 804 5200
Ríomhphost: info@cro.ie **Láithreán:** www.cro.ie

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
Public Office: Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1
Postal Enquiries: O'Brien Road, Carlow, R93 E920

Lo Call: 1890 220 226
Tel: +353 1 804 5200
Email: info@cro.ie **Web:** www.cro.ie